Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022**
**(OR. fr, en)**

**9937/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0428(COD)**

**JAI 834**
**FRONT 235**
**MIGR 182**
**COVID-19 116**
**SAN 370**
**TRANS 361**
**CODEC 864**
**COMIX 302**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9713/22 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha<br>- Cur chuige ginearálta |

1. An 14 Nollaig thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)[1], agus measúnú tionchair ag gabháil leis[2].

2. Tá an togra mar chuid de chreat níos leithne chun limistéar Schengen a dhéanamh níos láidre agus níos athléimní agus chun rialachas foriomlán Schengen a fheabhsú, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú[3], creat a iarrtar ar an gComhairle a fhormheas (mar mhír 'A') ag cruinniú den Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 9 go dtí an 10 Meitheamh 2022.

1 COM(2021) 891 final.
2 SWD(2021) 462 final.
3 8130/22.

3. Tá togra le haghaidh athbhreithniú ar Chód Teorainneacha Schengen (CTS) bunaithe ar cheithre phríomhphointe. Ar an gcéad dul síos, neartaíonn sé na huirlisí dlí atá ar fáil do na Ballstáit chun ionstraimiú na n-imirceach ag teorainneacha seachtracha an Aontais a chomhrac. Ar an dara dul síos, baineann an t-athbhreithniú leas as an méid a foghlaimíodh le linn ghéarchéim COVID-19 agus féachtar leis bunús dlí níos láidre a chur ar fáil maidir le srianta a fhorfheidhmiú ar theorainneacha seachtracha i gcás géarchéim sláinte, trí chreat a chruthú ar an leibhéal Eorpach. Ar an tríú dul síos, maidir le teorainneacha inmheánacha, féachtar leis na forálacha nua atá beartaithe úsáid beart malartach a chur chun cinn, go háirithe d'fhonn cur leis an úsáid a bhaintear as bearta teicneolaíochta. Go háirithe, leis an athbhreithniú seo, cruthaítear sásra nua aistrithe idir na Ballstáit do dhaoine atá i staid neamhrialta. Ag an am céanna, mhol an Coimisiún leasú a dhéanamh ar Threoir 2008/115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (an Treoir um Fhilleadh), lena gceadaítear do na Ballstáit comhaontuithe nua um athligean isteach a chaibidil nó comhaontuithe atá ann cheana a athchaibidil[4]. Ar deireadh, agus ar an gceathrú dul síos, freagraíonn an t-athbhreithniú do bhagairtí leanúnacha laistigh de limistéar Schengen trí nuashonrú a dhéanamh ar an gcreat chun rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a shíneadh agus coimircí nua a thabhairt isteach chun saoirse gluaiseachta a chosaint, agus cruthaítear leis, in Airteagal 28, sásra comhordúcháin nua sonrach chun bearta a chomhordú chun rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcás ina ndéanann bagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach difear do roinnt Ballstát agus ina gcuirtear feidhmiú limistéar Schengen i mbaol ar an iomlán.

4. Cuireadh tús leis an obair ar an togra sa Chomhairle faoi Uachtaránacht na Slóivéine an 14 Nollaig 2021 sa Mheitheal um Theorainneacha, agus na Stáit Chomhlachaithe i láthair. Leanadh leis an bplé faoi Uachtaránacht na Fraince in ocht gcruinniú den Mheitheal agus in dhá chruinniú de Chomhairleoirí CGB[5].

---

4 IO L 348/98, 24.12.2008, lch. 98-107.

5 Maidir le Parlaimint na hEorpa, cheap sí Sylvie Guillaume (S&D, FR) mar rapóirtéir.

Mar thoradh ar an obair i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, bhíothas in ann feabhas a chur ar an téacs, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- coincheap na hionstraimithe a shoiléiriú tríd an sainmhíniú a shimpliú agus an téacs a chur isteach maidir leis na gníomhaíochtaí is féidir leis na Ballstáit a dhéanamh chun déileáil le cásanna mar sin. Cuireadh staid speisialta na Cipire san áireamh freisin;

- aghaidh a thabhairt, in Airteagal 21a, ar an iarraidh ar sholúbthacht bhreise a chuir na Ballstáit in iúl maidir le srianta taistil agus sláinte a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ag na teorainneacha seachtracha, agus inniúlachtaí náisiúnta maidir le sláinte á n-urramú ag an am céanna. Cé go gcoinnítear prionsabal na gcatagóirí bunriachtanacha, is féidir, leis an gcomhréiteach a mhol an Uachtaránacht, cinneadh a dhéanamh maidir leis na sainmhínithe nuair a thagann géarchéim nua chun cinn. Féadfaidh na Ballstáit srianta sláinte níos déine a ghlacadh freisin ar choinníoll nach mbeidh tionchar diúltach acu ar fheidhmiú limistéar Schengen. Rinneadh staid na ndaoine faoi idirthuras a shoiléiriú, chomh maith le staid na réigiún teorann;

- soiléiriú a dhéanamh ar úsáid an nós imeachta aistrithe idir na Ballstáit in Airteagal 23a trí chur síos níos beaichte a dhéanamh ar chritéar an chomhair phóilíneachta agus trí shoiléiriú a dhéanamh ar chineál deonach úsáid an nós imeachta seo, ar cuid den chomhar déthaobhach é.

5. Maidir leis an gcreat chun rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus síneadh a chur leo, tá sé d'aidhm ag an togra ón gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na bagairtí leanúnacha a d'fhéadfadh a bheith ann do na Ballstáit, agus coimircí nós imeachta á neartú ag an am céanna. Chun a áirithiú gur rogha dheiridh é an beart seo, dhírigh an Uachtaránacht ar na coimircí sin a neartú:

- na critéir agus an bonn cirt atá curtha ar fáil ag na Ballstáit i gcás rialuithe a athbhunú agus síneadh a chur leo a dhéanamh níos oibiachtúla, go háirithe trína cheangal ar an mBallstát lena mbaineann anailís riosca a dhéanamh. Mar aon leis an méadú a thagann ar oibleagáidí na mBallstát maidir le bonn cirt le himeacht ama, cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin measúnú treisithe a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht na rialuithe sin;

– comhairliúchán éigeantach idir na Ballstáit i gcás ina iarrfaidh na Ballstáit a ndéantar difear dóibh go díreach é;

– ceangal a chur ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint i gcás ina bhfuil amhras ann maidir le riachtanas nó comhréireacht an athbhunaithe nó an tsínidh. Ní mór an tuairim sin a eisiúint, in aon chás, tar éis 12 mhí;

– a áirithiú go gcuirfear staid shonrach na réigiún teorann san áireamh i ndáil na rialuithe teorann sin.

6. Sa bhreithiúnas ó Mhór-Dhlísheomra Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna uamtha C-368/20 agus C-369/20[6], a tugadh tar éis an togra ón gCoimisiún a fhoilsiú, dearbhaítear gur faoi na comhreachtóirí atá sé an creat ginearálta a shainiú chun rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus síneadh a chur leo i gCód Teorainneacha Schengen. Ní mór cothromaíocht cheart a bhaint amach idir saorghluaiseacht daoine ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, an gá atá le beartas poiblí agus slándáil inmheánach a áirithiú laistigh de na Ballstáit. Ina theannta sin, is eisceacht ar phrionsabal na saorghluaiseachta í an fhéidearthacht rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, ar cheart í a léirmhíniú go docht.

Agus an breithiúnas sin á chur san áireamh aici, rinne an Uachtaránacht iarracht creat níos fearr a chur ar fáil le haghaidh na bhforálacha. Cé gurbh fhéidir faoi Airteagal 27a(5) den togra ón gCoimisiún rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a mheabhrú gan teorainn a chur leis an tréimhse, mhol an Uachtaránacht na forálacha sin a theorannú do chásanna eisceachtúla móra agus a cheangal nach mór measúnú riosca i bhfad níos críochnaíthí a chur ar fáil i gcás ina bhfógrófar tréimhse breise de 6 mhí. Ina theannta sin, foráiltear leis an togra comhréitigh nach mór don Choimisiún moladh a eisiúint ina sainaithnítear na gníomhaíochtaí agus na coinníollacha chun na rialuithe sin a bhaint, i gcás ina bhfuil imní faoi riachtanas agus comhréireacht.

[6] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 26 Aibreán 2022, Cásanna Uamtha C-368/20 agus C-369/20, ECLI:EU:C:2022:298.

Tar éis an chruinnithe a bhí ag Coreper an 1 Meitheamh 2022, thug an Uachtaránacht ráthaíochtaí breise isteach chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat maidir le rialuithe a d'fhéadfadh a ré a bheith níos faide ná dhá bhliain agus sé mhí i gcás nach mbeadh bearta malartacha ar fáil. Sa chás sin, bheadh ar an gCoimisiún moladh a ghlacadh maidir le riachtanas agus comhréireacht na rialuithe sin. Ba cheart tréimhse réasúnach ama chun na rialuithe a chur i leataobh a áireamh sa mholadh sin, ar tréimhse í a bheidh le cur san áireamh ag an mBallstát.

Scrúdaigh Coreper an téacs leasaithe an 8 Meitheamh 2022 agus chinn sé é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle. Mhol an Uachtaránacht go ndéanfaí tuilleadh coigeartuithe ar aithrisí 27 agus 44, agus ar Airteagail 27a agus 28.

7. Iarrtar ar an gComhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) an 9 agus an 10 Meitheamh 2022 scrúdú a dhéanamh ar an dréacht-chomhréiteach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta[7] seo d'fhonn cur chuige ginearálta a ghlacadh maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha.

---

[7] Is le **<u>cló trom le líne faoi</u>** nó le [...] a léirítear leasuithe ar an mbuntéacs.

**IARSCRÍBHINN**

2021/0428 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais i dtaca leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (e) agus Airteagal 79(2)(c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuimsíonn an tAontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áirithítear saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoireacht a chosc agus a chomhrac.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 (‘Cód Teorainneacha Schengen’)[1], leagtar síos rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine chuig an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (‘Limistéar Schengen’) agus ón limistéar sin, agus idir na Ballstát atá rannpháirteach i limistéar Schengen freisin.

[1] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

(3) Le blianta beaga anuas, tá limistéar Schengen buailte ag dúshláin nach bhfacthas a leithéid cheana, arbh iad na cineálacha dúshlán iad nach raibh teoranta do chríoch aon Bhallstát amháin. Chuir na dúshláin sin in iúl gur freagracht chomhroinnte é caomhnú an oird phoiblí agus na slándála i limistéar Schengen, rud a éilíonn gníomhaíocht chomhpháirteach chomhordaithe idir na Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais. Chuir siad i dtábhacht freisin na bearnaí sna rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear feidhmiú limistéar Schengen ag na teorannacha seachtracha agus na teorainneacha inmheánacha araon, agus an gá atá ann le creat atá níos láidre agus níos tréine a chruthú trínar féidir freagairt níos éifeachtaí a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh limistéar Schengen.

(4) Ní hamháin go dtéann rialú teorann ag na teorainneacha seachtracha chun leasa an Bhallstáit a gcuirtear i gcrích ag a theorainneacha seachtracha é, ach téann sé chun leasa na mBallstát go léir a chuir deireadh le rialú ag teorainneacha inmheánacha, agus chun leasa an Aontais ina iomláine. Ceanglaítear ar na Ballstáit ardchaighdeáin a áirithiú maidir le bainistiú a dteorainneacha seachtracha, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe idir gardaí teorann, póilíní, údaráis chustaim agus údaráis ábhartha eile. Tá tacaíocht ghníomhach á tabhairt ag an Aontais trí thacaíocht mhaoiniúcháin a chuirtear ar fáil trí na Gníomhaireachtaí, tríd an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach go háirithe, agus trí bhainistiú Shásra Meastóireachta Schengen. Na rialacha is infheidhme maidir leis na teorainneacha seachtracha, is gá iad a threisiú chun gur fearr is féidir freagairt ar dhúshláin nua atá tagtha chun cinn le déanaí ag na teorainneacha seachtracha.

**(4a) Is é atá i gceist le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, bunaithe ar an tsamhail rialaithe rochtana ceithre chiseal, bearta a dhéantar i dtríú tíortha, amhail a dhéantar faoi chuimsiú an chomhbheartais víosaí, bearta a dhéantar le tríú tíortha comharsanacha, bearta um rialú ag teorainneacha a dhéantar ag na teorainneacha seachtracha, anailís riosca agus bearta a dhéantar laistigh de limistéar Schengen agus bearta um fhilleadh. Is cuid lárnach den bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip é an rialú teorann, lena n-áirítear bearta chun trasnuithe dlisteanacha teorann a éascú. Chun an choireacht trasteorann ag na teorainneacha seachtracha a chosc agus a bhrath, go háirithe smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, agus an sceimhlitheoireacht, ba cheart do na Ballstáit, in éineacht leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a chur chun feidhme, bunaithe ar an tsamhail rialaithe rochtana ceithre chiseal.**

(5) Le paindéim COVID-19, treisíodh an gá go mbeidh an tAontas ullmhaithe níos fearr chun freagairt ar staideanna géarchéime ag na teorannacha seachtracha, staideanna a bhaineann le cásanna galair a mbaineann baol eipidéime leo agus ar bagairtí iad don tsláinte phoiblí. Léirigh paindéim COVID-19 gur i ngeall ar bhagairtí don tsláinte phoiblí, gur féidir go n-éilítear rialacha aonfhoirmeacha a bhaineann le srianta taistil le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá ag iarraidh taisteal isteach san Aontas. Má ghlactar bearta neamhsheasmhacha éagsúla ag na teorainneacha seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sin, is rud é sin a bhfuil drochéifeacht aige ar fheidhmiú limistéar Schengen ina iomláine agus laghdaítear dá réir an intuarthacht le haghaidh taistealaithe tríú tír agus teagmhálacha pearsanta le tríú tíortha. Chun limistéar Schengen a ullmhú le haghaidh dúshláin amach anseo, dúshláin ar scála inchomparáide a bhaineann le bagairtí don tsláinte phoiblí, is gá sásra nua a bhunú lena bhféadfaí bearta comhordaithe a ghlacadh agus a bhaint go tráthúil ar leibhéal an Aontais. Ba cheart an nós imeachta nua ag an teorainn sheachtrach a chur i bhfeidhm i gcás **ina mbeadh baol ann don tsláinte phoiblí i ngeall** ar ghalar tógálach a mbaineann baol eipidéime leis, cás **arna bhunú** [...] ag **an gCoimisiún tar éis comhairle a fháil** ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú **agus faisnéis ó na húdaráis inniúla náisiúnta á cur san áireamh** [...]. Ba cheart don sásra sin comhlánú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a moltar iad a bhunú sa Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte[2], go háirithe i gcás go n-aithneofaí éigeandáil sláinte poiblí a bheith ann, agus ar shainordú athbhreithnithe an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Rialú.[3]

(6) Leis an sásra, a cheart a fhoráil do rialachán arna ghlacadh ag an gComhairle ar bhonn togra ón gCoimisiún, rialachán lena leagtar amach srianta **sealadacha** ar thaisteal, lena n-áirítear srianta ar dhul isteach **agus íos-srianta sealadacha sláinte** [...], agus na coinníollacha chun deireadh a chur leo. I bhfianaise íogaireacht pholaitiúil na mbeart sin a bhaineann leis an gceart dul isteach ar chríoch na mBallstát, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun rialachán den sórt sin a ghlacadh, ag gníomhú di ar bhonn togra ón gCoimisiún.

---

2 COM(2020)727.

3 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, COM(2020)726.

(7) Go tábhachtach, i gcomhréir leis na hoibleagáidí is infheidhme faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta, saoránaigh den Aontas, agus náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cearta soghluaisteachta acu atá coibhéiseacha leis na cearta atá ag saoránaigh den Aontas, faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha sin, ar an taobh eile, ba cheart cead a bheith acu i gcónaí teacht isteach san Aontas. Ba cheart cead a bheith i gcónaí ag cónaitheoirí san Aontas filleadh ar an Aontas, **agus go háirithe ar an mBallstát ina bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil**. Ba cheart rialacha a leagan síos sa ghníomh maidir le híos-srianta sealadacha sláinte a bhféadfadh na daoine sin a bheith faoina réir. **A mhéid a bhaineann le náisiúnaithe tríú tír a chónaíonn go dleathach in Éirinn, ba cheart do na Ballstáit, ar bhonn cómhalartach, ligean do na cónaitheoirí sin filleadh ar Éirinn trí idirthuras a dhéanamh trí chríoch na mBallstát. Iarrtar ar Éirinn a beartas náisiúnta a ailíniú leis na srianta ar thaisteal chuig an Aontas Eorpach.** Na heilimintí uile is gá chun a áirithiú go mbeidh na srianta ar thaisteal éifeachtach, spriocdhírithe, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach don staid eipidéimeolaíoch atá ag athrú de réir a chéile, ba cheart na heilimintí sin uile a bheith sa ghníomh. Ba cheart **a shainiú** ann [...] catagóirí na dtaistealaithe **riachtanacha** ar cheart a dtaisteal a dhíolmhú ó na srianta ar dhul isteach **agus na coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfar srianta taistil a fhorchur go heisceachtúil ar na taistealaithe sin**. **Ba cheart a áireamh ar na catagóirí sin, mar shampla, gairmithe cúraim sláinte, oibrithe trasteorann, pearsanra iompair, taidhleoirí nó baill foirne idirnáisiúnta eile, paisinéirí ar idirthuras, paisinéirí atá ag taisteal i ngeall ar chúiseanna dianriachtanacha teaghlaigh, maraithe, náisiúnaigh tríú tír ar thóir cosaint idirnáisiúnta, oibrithe séasúracha, mic agus iníonacha léinn agus oibrithe ardoilte ar riachtanach a bhfostú ó thaobh na heacnamaíochta, na sochaí agus na slándála de agus nach féidir an obair sin a chur ar athló nó a dhéanamh thar lear.** Sa bhreis air sin, nó mar mhalairt air sin, ba cheart [...] **a chinneadh** sa ghníomh, aon limistéir gheografacha nó tríú tíortha ónar bhféadfar an taisteal a chur faoi réir bearta sonracha, **agus nós imeachta a shainiú chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an staid agus ar na srianta taistil,** ar bhonn modheolaíocht oibiachtúil agus na gcritéar is infheidhme maidir leis sin, critéir ar cheart a áireamh iontu, go háirithe, an staid eipidéimeolaíoch. D’fhéadfaí a shonrú sa ghníomh na coinníollacha faoina bhféadfar an taisteal a cheadú, amhail tástáil, coraintín, féin-leithlisiú nó aon bheart iomchuí eile, amhail an gá foirm aimsithe paisinéirí nó uirlis rianaithe teagmhála eile a líonadh isteach, agus ag féachaint go háirithe d’aon chóras de chuid an Aontais a forbraíodh chun taisteal faoi choinníollacha sábháilte a éascú, amhail córais deimhniúcháin dhigitigh. I gcás inarb iomchuí, d’fhéadfaí sásra a bhunú faoin ionstraim freisin, lena gceadófaí bearta ábhartha a ghlacadh i gcás ina rachadh an staid eipidéimeolaíoch chun donais go mór i limistéar geografach amháin nó níos mó.

**(7a)** **Tá éifeachtacht na srianta ar thaisteal chuig an Aontas Eorpach bunaithe ar rialacha aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm maidir le tríú tíortha agus náisiúnaigh tríú tíortha. Trí rialacha aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm trí bhíthin an Rialacháin cur chun feidhme, ba cheart cosaint na sláinte poiblí a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, feidhmiú an limistéir gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha ann a chaomhnú. D'fhéadfadh na Ballstáit srianta sealadacha sláinte níos déine mar aon le srianta gaolmhara eile a ghlacadh seachas iad siúd a leagtar síos sa Rialachán cur chun feidhme ar choinníoll nach mbeadh tionchar díréireach diúltach ag srianta den sórt sin ar fheidhmiú an limistéir gan rialuithe ag a theorainneacha inmheánacha. Ar na bearta sin, féadfar a áireamh srianta ar thaisteal chuig réigiúin nó tríú tíortha eile nach gcumhdaítear faoin Rialachán cur chun feidhme, má tá siad bunaithe ar mheasúnú náisiúnta riosca agus má tá siad comhréireach. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit srianta ar thaisteal a ghlacadh in éagmais Rialachán cur chun feidhme ón gComhairle. Ba cheart a chur san áireamh sa Rialachán cur chun feidhme cás sonrach na dtíortha nó na gcríoch thar lear dá dtagraítear in Airteagal 355(2) CFAE agus atá luaite in Iarscríbhinn II a ghabhann leis.**

**(7b)** **Le linn chur i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme ón gComhairle lena leagtar amach srianta sealadacha taistil agus i gcur i bhfeidhm na gcoinníollacha maidir le dul isteach a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo, níor cheart dul isteach a cheadú ach do náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil faoi réir srianta ar dhul isteach agus a chomhlíonann coinníollacha eile iontrála a bhaineann leis an tsláinte dá bhforáiltear sa Rialachán cur chun feidhme.**

**(7c)** **Maidir le hidirthuras a dhéanamh laistigh den Aontas, níor cheart saoránaigh an Aontais, a dteaghlaigh ná iad siúd a chumhdaítear faoi chatagóirí na dtaistealaithe riachtanacha a bheith faoi réir srianta sealadacha sláinte ar thaisteal, ionas go mbeidh ar a gcumas a gceann scríbe a bhaint amach. Ar theacht go ceann scríbe dóibh, ba cheart srianta sealadacha sláinte, i gcás ina bhforchuirtear iad, a chur i bhfeidhm.**

(8) Is gá freisin na rialacha agus na coimircí i ndlí an Aontais a threisiú ionas gur féidir leis na Ballstát gníomhú go tapa chun cur i gcoinne cásanna ina ndéantar ionstraimiú ar imircigh. Ba cheart an t-ionstraimiú sin a thuiscint mar thagairt do staid ina spreagann nó ina n-éascaíonn tríú tír **nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é** [...] **gluaiseacht** náisiúnach tríú tír chuig na teorainneacha seachtracha **nó chuig Ballstát** [...], chun [...] an tAontas [...] nó Ballstát a dhíchobhsú, [...] i gcás ina **bhféadfadh** gníomhaíochtaí den sórt sin feidhmeanna bunriachtanacha **Ballstáit** a chur i mbaol, lena n-áirítear [...], caomhnú an dlí agus an oird, nó cosaint a shlándála náisiúnta.

(9) D'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist le hionstraimiú imirceach, staideanna ina ndearna tríú tír **nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é** taisteal neamhrialta náisiúnach tríú tír a spreagadh nó a éascú [...] isteach ar chríoch chun go sroichfidís teorainn sheachtrach na mBallstát, ach d'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist leis freisin, taisteal neamhrialta náisiúnach tríú tír atá [...] i dtríú tír cheana féin a spreagadh nó a éascú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist le hionstraimiú imirceach, bearta comhéigneacha a fhorchur arb é is aidhm dóibh na náisiúnaigh trí tír a chosc ar limistéir teorann an tríú tír atá i mbun a n-ionstraimithe a fhágáil seachas i dtreo a théann trí Bhallstát. **Sna cásanna ina mbíonn gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad páirteach sa choireacht eagraithe, go háirithe sa smuigleáil, níor cheart a mheas gur ionstraimiú imirceach é sin nuair nach bhfuil sé d'aidhm aige an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú. Thairis sin, níor cheart oibríochtaí cabhrach daonnúla a mheas mar ionstraimiú imirceach nuair nach bhfuil sé d'aidhm aige an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú.**

**(9a) I dtaca leis an gCipir, foráiltear, le Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 10 de chuid na hIonstraime Aontachais, do rialacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an líne idir limistéir Phoblacht na Cipire ina bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach agus na limistéir sin nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu. Cé nach teorainn sheachtrach í an líne, fágann sé gur cheart a mheas má spreagann nó má éascaíonn tríú tír nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é gluaiseacht náisiúnach tríú tír leis an líne sin a thrasnú gurb ionann sin agus ionstraimiú.**

(10) Ba cheart don Aontas leas a bhaint as na huirlisí uile atá ina bhosca uirlisí de bhearta taidhleoireachta, maoiniúcháin agus oibriúcháin chun tacú leis na Ballstáit ar gá dóibh déileáil leis an ionstraimiú sin. Ba cheart tús áite a thabhairt d'iarrachtaí taidhleoireachta an Aontais nó an Bhallstáit lena mbaineann mar mhodh chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan an ionstraimithe. Féadfar an méid sin a fhorlíonadh, i gcás inarb iomchuí, le forchur beart sriantach ag an Aontas.

(11) San am céanna, sa bhreis ar na bearta sin, na rialacha atá ann faoi láthair maidir le rialú ag teorainneacha seachtracha agus faireachas ar theorainneacha, is gá na rialacha sin a threisiú freisin. Chun cúnamh breise a thabhairt don Bhallstát ar gá dó aghaidh a thabhairt ar ionstraimiú imirceach, le Rialachán (AE) XXX/XXX comhlánaítear na rialacha maidir le rialú teorann trí fhoráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha i réimse an tearmainn agus an fhillte, agus urraim á tabhairt san am céanna **do** chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann agus go háirithe trí urraim don cheart chun tearmainn a áirithiú, agus tríd an gcúnamh is ga ó ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí ábhartha eile a chur ar fáil.

(12) **Féadfaidh na Ballstáit**, go háirithe i gcás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh **ar imircigh nó i gcásanna éigeandála eile ag an teorainn sheachtrach**, [...] trácht teorann a theorannú don íosmhéid trí phointí áirithe trasnaithe teorann a dhúnadh **go sealadach** [...] **nó trí srian a chur lena n-uaireanta oscailte,** [...]**.** Ba cheart a chur san áireamh go hiomlán in **aon** srian den sórt sin, náisiúnaigh tríú tír ar tairbhithe iad den cheart chun saorghluaiseachta **de bhun** comhaontú idirnáisiúnta, agus náisiúnaigh tríú tír ar cónaithe fadtéarmacha iad faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais nó a bhfuil víosaí [...] fad**fhanachta** ina seilbh acu, agus ba cheart cearta a mball teaghlaigh **agus náisiúnaigh tríú tír ar thóir cosaint idirnáisiúnta** a chur san áireamh freisin. **Nuair atá pointe trasnaithe teorann dúnta, ba cheart do chatagóirí den sórt sin pointe trasnaithe teorann eile a úsáid atá fós ar oscailt.** Thairis sin, **féadfaidh na Ballstáit, go háirithe i gcás ina ndéanfar imircigh a ionstraimiú, i gcás ina ndéanfaidh náisiúnaigh tríú tír iarracht teacht isteach *en masse* trí mhodhanna foréigneacha a úsáid, na bearta is gá a ghlacadh chun an tslándáil, an dlí agus an t-ord a chaomhnú.** [...] Ba cheart srianta **agus bearta** den sórt sin a chur [...] i bhfeidhm ar bhealach a áirithíonn urraim do na hoibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*.

**(12a)** **Gan dochar don fhéidearthacht bearta a dhéanamh faoin Rialachán seo i gcomhthéacs ionstraimithe, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann** [...] a chur san áireamh an bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle go bhfuil an tAontas nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstát ag déileáil le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh

(13) Tugann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúnamh do na Ballstáit ó thaobh gnéithe oibríochtúla de bhainistiú na dteorainneacha seachtracha de a chur chun feidhme, lena n-áirítear malartú faisnéise, trealamh, fothú acmhainneachta agus oiliúint a chur ar fáil do ghardaí teorann náisiúnta, faisnéis spriocdhírithe agus anailís riosca, mar aon le himscaradh an Bhuancóir. Le sainordú nua na Gníomhaireachtaí, cuirtear roinnt mhaith deiseanna ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do gníomhaíochtaí rialaithe teorann, lena n-áirítear scagadh agus oibríochtaí um fhilleadh, agus seoladh mear-idirghabhála teorann agus/nó idirghabhála fillte ar iarraidh agus ar chríoch an Ballstáit lena mbaineann.

(14) De bhua Airteagal 41(1) de Rialachán (AE) 2019/1896, tá sé de cheangal ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mholadh do Bhallstát go n-iarrfaidh an Ballstát sin ar an nGníomhaireacht tacaíocht na Gníomhaireachta a thionscnamh, a chur i gcrích, nó a choigeartú, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus ar dhúshláin shainaitheanta ag na teorainneacha seachtracha, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin. Go háirithe d'fhéadfadh an gá atá ann le tacaíocht ón nGníomhaireacht a bheith soiléir i staideanna ina ndearna an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta meastóireacht leochaileachta thiomnaithe i ndáil le hionstraimiú imirceach. Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe leochaileachta nó i gcás ina sanntar leibhéal tionchair géibheannach do cheann amháin nó níos mó de chodanna den teorainn sheachtrach agus na heilimintí ábhartha i bpleananna teagmhasacha an Bhallstáit, anailís riosca na Gníomhaireachta agus sraith anailíse an léargais ar dhálaí náisiúnta á gcur san áireamh, molfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin don Bhallstát lena mbaineann a iarraidh go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht tacaíocht na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 41(1) de Rialachán (AE) 2019/1896 a thionscnamh, a chur i bhfeidhm nó a choigeartú. Tá inniúlacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin gan dochar don tacaíocht ghinearálta a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a bheith ag cur ar fáil do na Ballstáit.

(15) Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar imircigh a ionstraimiú, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann an rialú teorann a threisiú, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí bhearta breise lena gcuirtear cosc ar thrasnuithe neamhdhleathacha agus trí úsáid acmhainní breise agus modhanna teicniúla chun cosc a chur ar thrasnú neamhúdaraithe na teorann. D'fhéadfaí teicneolaíochtaí nua-aimseartha a áireamh ar na modhanna teicniúla sin, lena n-áirítear dróin agus braiteoirí gluaisne, chomh maith le haonaid shoghluaiste, <u>**agus, i gcás inarb iomchuí, gach cineál bonneagair dho-aistrithe agus shoghluaiste**</u>. Ní mór úsáid na modhanna teicniúla den sórt sin, go háirithe aon teicneolaíocht atá in ann sonraí pearsanta a bhailiú, a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhréir le forálacha atá sainithe go soiléir sa dlí náisiúnta.

(16) <u>**Féadfaidh**</u> an Coimisiún <u>**gníomh cur chun feidhme a ghlacadh**</u> [...] <u>**maidir le híos**</u>chaighdeáin <u>**choiteanna**</u> le haghaidh faireachas ar theorainneacha, [...] agus cineál na dteorainneacha (teorainn talún, farraige nó aeir), na leibhéil tionchair a shanntar do gach cuid de theorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh, <u>**amhail saintréithe geografacha**</u> agus freagairt shonrach ar chásanna ina ndéantar imircigh a ionstraimiú.

(17) I limistéar gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha ann, ba cheart daoine a bheith in ann gluaiseacht faoi shaoirse, agus faoi shlándáil idir na Ballstáit. I dtaca leis sin, ba cheart a shoiléiriú nach ndéanann an toirmeasc ar rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha difear d'inniúlacht na mBallstát seiceálacha a dhéanamh ar a gcríoch, lena n-áirítear ag a dteorainneacha inmheánacha, chun críoch eile seachas rialú teorann. Ba cheart a shoiléiriú, go háirithe, go bhfanann údaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear údaráis sláinte nó údaráis forfheidhmithe dlí, i bprionsabal, saor chun seiceálacha a dhéanamh agus iad ag feidhmiú na gcumhachtaí poiblí dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta.

(18) Cé go mbaineann an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha le seiceálacha a bhfuil éifeachtaí coibhéiseacha acu freisin, níor cheart a mheas go bhfuil seiceálacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla coibhéiseach le seiceálacha teorann i gcás nach bhfuil rialú teorann acu mar chuspóir, i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar fhaisnéis agus ar thaithí ghinearálta na n-údarás inniúil maidir leis na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil sé d'aidhm acu an **imirce neamhdhleathach** [...] agus coireanna trasteorann a bhfuil baint acu le himirce [...] neamh**dhleathach** a chomhrac, i gcás ina bhfuil siad ceaptha agus curtha i gcrích ar bhealach ar léir é a bheith éagsúil le seiceálacha córasacha arna ndéanamh ar dhaoine ag na teorainneacha seachtracha agus i gcás ina ndéantar iad ag moil iompair amhail poirt, stáisiúin traenach nó bus, nó aerfoirt **mar aon le críochfoirt lastais** nó go díreach ar bord seirbhísí iompair paisinéirí, agus i gcás ina ndéantar iad ar bhonn **anailís** riosca [...].

(19) Cé nár cheart a mheas, *per se*, gur bagairt don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach sreabha imirce neamhrialta, d'fhéadfadh bearta breise a bheith ag teastáil chun feidhmiú limistéar Schengen a áirithiú.

(20) Maidir le h**imirce** neamhdhleathach [...] agus coireacht trasteorann a bhaineann le himirce **neamhdhleathach** [...] a chomhrac, amhail gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach agus calaois doiciméad agus cineálacha eile coireachta trasteorann, d'fhéadfaí a chuimsiú sna bearta sin bearta lena bhféadfar céannacht, náisiúntacht agus stádas cónaithe daoine a fhíorú ar choinníoll gur fíoruithe neamhchórasacha iad na fíoruithe sin agus go ndéantar iad ar bhonn **anailís** riosca [...].

(21) D'fhéadfadh úsáid na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha chun faireachán a dhéanamh ar shreabha tráchta, go háirithe ar mhótarbhealaí agus ar bhóithre tábhachtacha eile arna gcinneadh ag na Ballstáit, a bheith ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach. Níor cheart go dtuigfí leis an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha go gcuirtear cosc ar fheidhmiú dleathach na bpóilíní nó cumhachtaí poiblí eile maidir le seiceálacha a dhéanamh i limistéir na teorann inmheánaí. Áirítear leis sin seiceálacha arb é atá i gceist leo úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais a úsáidtear go ginearálta sa chríoch nó atá bunaithe ar mheasúnú riosca chun an tslándáil inmheánach a chosaint. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil úsáid na dteicneolaíochtaí sin le haghaidh seiceálacha coibhéiseach le rialuithe teorann.

(22) Ionas go mbeidh na teicneolaíochtaí sin éifeachtach, ba cheart é a bheith indéanta luasteorainneacha comhréireacha a chur i bhfeidhm ag pointí trasnaithe bóthair.

(23) Níor cheart go gcuirfeadh an toirmeasc ar rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha srian le seiceálacha a dhéanamh, seiceálacha dá bhforáiltear in ionstraimí eile de chuid dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, níor cheart dóibh difear a dhéanamh do na rialacha is infheidhme maidir le seiceálacha a dhéanamh ar shonraí paisinéirí i mbunachair sonraí ábhartha roimh a dteacht.

(24) Na seiceálacha a dhéanfaidh na Ballstáit agus iad ag feidhmiú a n-inniúlachtaí náisiúnta, is gá a áirithiú go mbeidh na seiceálacha sin go lán comhsheasmhach leis an limistéar atá saor ó rialuithe ag a theorainneacha inmheánacha. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, dá mhéad na léirithe go bhfuil éifeacht ag na seiceálacha arna ndéanamh ag na Ballstáit ag a limistéir teorann atá coibhéiseach leis an rialú teorann, ag féachaint dá gcuspóirí, dá raon feidhme críochach agus do na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith eatarthu agus na seiceálacha a dhéantar ar an gcuid eile de chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, is ea is mó an gá le rialacha agus teorannacha dochta mionsonraithe lena leagtar síos na coinníollacha faoina bhféadfaidh na Ballstáit a gcumhachtaí póilíneachta a fheidhmiú i limistéar teorann.

**(24a) Agus cumhachtaí póilíneachta nó cumhachtaí poiblí eile á bhfeidhmiú ag údaráis inniúla na mBallstát ar a gcríoch, lena n-áirítear ina limistéir teorann, níor cheart dó sin tionchar díréireach a bheith aige ar shreabhántacht na gluaiseachta thar na teorainneacha inmheánacha, go háirithe trí amanna iomarcacha feithimh a chruthú. De mheon an idirphlé agus an chomhair, ba cheart do na Ballstáit an Ballstát comharsanach a chur ar an eolas faoina gcuid gníomhaíochtaí, go háirithe nuair a mheastar go mbeidh tionchar níos suntasaí ag an ngníomhaíocht ar an trácht trasteorann.**

(25) Is gá bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach i limistéar gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha. Chun feidhmiú limistéar Schengen a neartú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann bearta breise a dhéanamh chun dul i ngleic le gluaiseachtaí neamhrialta idir na Ballstáit, agus chun fanachtaí neamhdhleathacha a chomhrac. I gcás ina ngabhann údaráis forfheidhmithe dlí de chuid Ballstáit áirithe náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach **i** [...] **limistéir** teorann **[...] le linn seiceálacha arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla faoi chuimsiú creat comhair dhéthaobhaigh, lena bhféadfar a áireamh go háirithe, patróil chomhpháirteacha póilíní** [...], ba cheart do na húdaráis sin a bheith in ann an ceart a dhiúltú do na daoine sin dul isteach ar a gcríoch nó fanacht uirthi agus iad a aistriú chuig an mBallstát ónar tháinig siad isteach. **Ar mhaithe leis an gcomhar iltaobhach póilíneachta idir na Ballstáit a chaomhnú agus a chur chun cinn, cumhdaítear freisin seiceálacha a dhéanann na húdaráis inniúla i gcreat comhair iltaobhaigh.** Ba cheart a cheangal ar an mBallstát ónar tháinig an duine go díreach glacadh leis na náisiúnaigh tríú tír sin a gabhadh. **Níor cheart feidhm a bheith ag an aistriú maidir le daoine a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ná maidir le daoine a bhféadfaidh Ballstát iad a ghlacadh ar ais faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 604/2013.**

(26) An nós imeachta trína bhféadfaidh Ballstát náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a aistriú go tapa chuig Ballstát ónar tháinig an duine go díreach, ba cheart é a bheith faoi réir coimircí agus é á chur i gcrích agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt, chun próifíliú ciníoch a chosc. Ba cheart é a bheith indéanta ag na húdaráis fíorú a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha atá ar fáil láithreach do na húdaráis maidir le gluaiseachtaí na ndaoine lena mbaineann. Féadfaidh eilimintí oibiachtúla a bheith san fhaisnéis sin lena gceadófaí do na húdaráis a chinneadh gur thaistil an duine ó Bhallstát eile le déanaí, amhail seilbh doiciméad, lena n-áirítear admhálacha nó sonraisc, lena bhfianaítear taisteal ó Bhallstát eile le déanaí. Ba cheart cinneadh réasúnaithe i scríbhinn a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an nós imeachta aistrithe. Cé gur cheart an cinneadh a bheith in-fhorghníomhaithe láithreach, ba cheart leigheas éifeachtach a chur ar fáil don náisiúnach tríú tír chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh aistrithe nó athbhreithniú air a lorg. Níor cheart éifeacht fionraíochta a bheith ag an leigheas sin.

(27) Tá an nós imeachta aistrithe dá bhforáiltear faoin Rialachán seo **roghnach agus** níor cheart go ndéanfadh sé difear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit náisiúnaigh tríú tír **neamhdhleathacha** [...] a fhilleadh i gcomhréir le comhaontuithe déthaobhacha nó socruithe déthaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE (an 'Treoir um Fhilleadh'), i gcás ina mbraitear na daoine sin lasmuigh de **limistéir** [...] teorainneacha [...]. **Gan dochar d'inniúlachtaí náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit módúlachtaí praiticiúla a shainiú faoina gcreataí comhair déthaobhacha, lena n-áirítear d'fhonn teorainn a chur le húsáid an nós imeachta aistrithe sin nuair a thugtar isteach an athuair rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nó nuair a chuirtear síneadh leis na rialuithe sin.** Chun cur i bhfeidhm comhaontuithe den sórt sin a éascú, agus chun comhlánú a dhéanamh ar an gcuspóir maidir le cosaint a thabhairt don limistéar gan **rialuithe** ag na teorainneacha inmheánacha, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit comhaontuithe nó socruithe nua a thabhairt i gcrích agus na comhaontuithe nó na socruithe atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon mhodhnú nó aon nuashonrú ar chomhaontuithe nó ar shocruithe nua. I gcás inar ghlac Ballstát náisiúnach tríú tír ar ais faoin nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó ar bhonn comhaontú déthaobhach nó socrú déthaobhach, ba cheart a cheangal ar an mBallstát lena mbaineann cinneadh um fhilleadh a eisiúint i gcomhréir leis an Treoir um Fhilleadh. Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na nósanna imeachta nua dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus na rialacha atá ann cheana maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh, is gá modhnú spriocdhírithe a dhéanamh ar Airteagal 6(3) den Treoir um Fhilleadh. **Beidh sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6(2).**

(28) I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh sé gur ghá go nglacfadh na Ballstáit bearta ag na teorainneacha inmheánacha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí do limistéar Schengen. Tá inniúlacht i gcónaí ag na Ballstáit chun an gá a chinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú nó a shíneadh ar bhonn sealadach. Faoi na rialacha atá ann faoi láthair, déantar foráil maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcás ina dtagann bagairt thromchúiseach don tslándáil inmheánach nó don bheartas poiblí chun cinn in aon Bhallstát amháin ar feadh tréimhse teoranta ama. Go háirithe, d'fhéadfadh sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe, éigeandálaí sláinte poiblí mórscála nó imeachtaí idirnáisiúnta mórscála nó ardphróifíle amhail imeachtaí spóirt, trádála nó polaitiúla a bheith ina mbagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach.

(29) Ina theannta sin, d'fhéadfadh bagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach a bheith ann mar thoradh ar ghluaiseachtaí mórscála neamhúdaraithe [...] **náisiúnaigh tríú tír** idir na Ballstáit i gcás ina gcruthaíonn sé sin staid ina gcuirtear brú **suntasach** ar acmhainní foriomlána agus ar acmhainní na seirbhísí náisiúnta freagracha, i gcás nach leor na modhanna eile dá bhforáiltear faoin Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar na hinsreabha agus ar na gluaiseachtaí sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar thuarascálacha oibiachtúla cainníochtaithe maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe nuair a bhíonn siad ar fáil, go háirithe, nuair a tháirgeann gníomhaireachtaí inniúla an Aontais iad ar bhonn rialta i gcomhréir lena sainorduithe féin. Ba cheart é a bheith indéanta ag Ballstát úsáid a bhaint as an bhfaisnéis arna soláthar ag na gníomhaireachtaí chun a léiriú sa mheasúnú riosca gur bagairt eisceachtúil í an bhagairt shainaitheanta, bagairt arb é is cúis léi an ghluaisteacht neamhúdaraithe, chun bonn cirt a thabhairt le rialuithe teorann a athbhunú ar an bhforas sin **mar rogha dheireanach**.

(30) Cé go bhforáiltear maidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i gcásanna ina dtagann cineál bagartha as easnaimh thromchúiseacha leanúnacha ag na teorainneacha seachtracha, níl aon sásra uile-Aontais ann a mbeadh feidhm aige maidir le cásanna ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach nó ar réimse beartais phoiblí laistigh de limistéar Schengen, bagairt a bhfuil tionchar aige ar **roinnt** [...] Ballstát agus a chuireann dea-fheidhmiú limistéar Schengen i mbaol. Ba cheart an bhearna a líonadh trí shásra cosanta nua a chur ar bun le haghaidh limistéar Schengen lena gceadaítear réitigh chomhordaithe chun cosaint a thabhairt do leasanna na ndaoine atá i dteideal leas a bhaint as an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, trí éifeachtacht na mbeart a dhéantar a uasmhéadú agus a bhfo-éifeachtaí diúltacha a íoslaghdú san am céanna.

(31) Leis an sásra cosanta nua le haghaidh limistéar Schengen, ba cheart an Chomhairle a bheith in ann, ar bhonn togra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh lena n-údarófar athbhunú nó síneadh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, i gcás ina bhfuil údar cuí leis de bharr bagairt ar leith, arna shainaithint ar bhonn fógraí a fuarthas ó Bhallstáit aonair, nó ar bhonn faisnéis eile atá ar fáil, go háirithe measúnú riosca, i gcás síneadh is faide ná sé mhí a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Ós rud é go bhfuil cinneadh den sórt sin íogair ó thaobh na polaitíochta de, cinneadh lena rialaítear an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a shíneadh i gcúinsí áirithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun cinneadh a ghlacadh, ag gníomhú di ar bhonn togra ón gCoimisiún. **Ba cheart aon bhearta maolaitheacha iomchuí a áireamh sa chinneadh sin.**

(32) Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil bonn cirt le hathbhunú na rialuithe ag na Ballstáit ag teorainneacha inmheánacha, nó le síneadh a chur orthu **agus an bhfuil sé comhréireach**, ba cheart don Chomhairle a chur san áireamh an bhfuil fáil ar aon bheart eile lena bhféadfaí ardleibhéal slándála a áirithiú laistigh den chríoch, amhail seiceálacha treisithe ag na húdaráis inniúla sna limistéir teorann inmheánacha. I gcás ina measfar nach bhfuil bonn cirt leis na rialuithe a shíneadh **agus nach bhfuil sé comhréireach**, ba cheart don Choimisiún a mholadh, ina ionad sin, go n-úsáidfí bearta eile a mheastar a bheith níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt shainaitheanta.

(33) Bunú sásra cosanta nua le haghaidh limistéar Schengen, níor cheart go ndéanfadh sin difear do cheart na mBallstát dul i muinín beart aontaobhach roimh ré i gcomhréir leis an Rialachán, má éilíonn an staid sin. Mar sin féin, nuair a ghlacfar é, ba cheart beart an Aontais a bheith ina bhunús aonair chun freagairt chomhordaithe a thabhairt ar an mbagairt shainaitheanta.

(34) Chun comhlíonadh phrionsabal na comhréireachta a áirithiú, ba cheart cinneadh na Comhairle a ghlacadh ar feadh tréimhse teoranta nach faide ná 6 mhí, tréimhse a fhéadfar a shíneadh faoi réir athbhreithniú rialta ar bhonn togra ón gCoimisiún, fad is a mheastar gurb ann fós don bhagairt. Ba cheart a áireamh sa chinneadh tosaigh measúnú ar an tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta a glacadh, lena n-áirítear na fo-éifeachtaí díobhálacha a bhaineann leo, d'fhonn a chinneadh an bhfuil bonn cirt le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nó an bhféadfaí bearta nach bhfuil chomh sriantach a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach ina n-áit. I gcinntí a dhéanfar ina dhiaidh sin, ba cheart éabhlóid na bagartha a sainaithníodh a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas láithreach maidir le hathbhunú rialuithe teorann i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle.

(35) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith fós ann freisin teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcás ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha ann i mbainistiú na dteorainneacha seachtracha, rud a chuirfeadh feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mbaol. Tréimhsí inar athbhunaigh na Ballstáit rialuithe teorann de bharr phráinn na staide a d'éiligh sin, nó ina gcinneann an Chomhairle an t-athbhunú a mholadh de bhrí go ndéanann bagairt difear do [...] Bhallstáit **éagsúla**, níor cheart iad a áireamh sa tréimhse 2 bhliain is infheidhme maidir le hathbhunú atá bunaithe ar easnaimh thromchúiseacha ag na teorainneacha seachtracha.

(36) Má athbhunaítear rialuithe teorann ag na teorainneacha inmheánacha, bíodh sin ar bhonn cinntí aontaobhacha de chuid na mBallstát nó ar leibhéal an Aontais, tá impleachtaí tromchúiseacha aige sin d'fheidhmiú limistéar Schengen. Chun a áirithiú nach ndéanfar aon chinneadh i leith rialuithe teorann a athbhunú ach amháin i gcás inar gá agus mar rogha dheiridh, ba cheart an cinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú nó a shíneadh a bheith bunaithe ar chritéir choiteanna, agus béim á leagan ar an ngá agus ar an gcomhréireacht. Ceanglaítear le prionsabal na comhréireachta go mbeidh athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha faoi réir coimircí a mhéadaíonn le himeacht ama.

(37) Ar an gcéad ásc, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ag féachaint do chineál na bagartha tromchúisí a sainaithníodh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar an tionchar is dócha a bheidh ag rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar ghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar fheidhmiú na réigiún trasteorann, agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin. Ba cheart an measúnú sin a bheith mar chuid den fhógra a gceanglaítear ar na Ballstáit a tharchur chuig an gCoimisiún. I gcás ina gcuirtear síneadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i gcás imeachtaí intuartha níos faide ná tréimhse thosaigh 6 mhí, ba cheart don Bhallstát freisin measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá bearta malartacha chun na cuspóirí céanna a shaothrú maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, amhail seiceálacha comhréireacha a dhéantar **i gcomhthéacs seiceálacha laistigh den chríoch** [...] nó trí chineálacha comhair phóilíneachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais, **lena n-áirítear** [...] an fhéidearthacht an nós imeachta aistrithe **nó comhbhearta maidir le srianta sealadacha ar thaisteal** a úsáid.

(38) Chun iarmhairtí díobhálacha a thagann as athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a theorannú, ba cheart bearta maolaitheacha a bheith ag gabháil le haon chinneadh maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú más gá. Ba cheart a chuimsiú leis na bearta sin, bearta a áiritheoidh oibriú rianúil idirthurais earraí agus pearsanra iompair agus maraithe trí 'lánaí glasa' a bhunú. Sa bhreis air sin, agus chun aird a thabhairt ar an ngá atá ann gluaiseacht daoine a áirithiú a bhféadfadh a ngníomhaíochtaí a bheith riachtanach chun an slabhra soláthair a chaomhnú nó chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar, ba cheart do na Ballstáit na treoirlínte atá ann cheana maidir le hoibrithe trasteorann a chur i bhfeidhm freisin[4]. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart a chur san áireamh sna rialacha maidir le hathbhunú na rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, na treoirlínte agus na moltaí a glacadh i rith phaindéim COVID-19 mar líontán daingean sábháilteachta don Mhargadh Aonair, chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad, i gcás inarb iomchuí, mar bhearta maolaithe le linn do rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a bheith i bhfeidhm arís. Ba cheart, go háirithe, bearta a shainaithint d'fhonn feidhmiú leanúnach an Mhargaidh Aonair a áirithiú agus d'fhonn leasanna na réigiún trasteorann agus 'na gcathracha cúplacha' a chosaint, lena n-áirítear, mar shampla, údaruithe nó maoluithe do chónaitheoirí na réigiún trasteorann.

(39) An fógra atá le tabhairt ag na Ballstáit, ba cheart é a bheith cinntitheach agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar agus na gcoinníollacha a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach. Chun sraith inchomparáide faisnéise a áirithiú, ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh i ngníomh cur chun feidhme le haghaidh fógra a thabhairt maidir le hathbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha. Ba cheart do na Ballstáit a bheith i dteideal rúnaicmiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile nó ar chodanna den fhaisnéis a chuirtear ar fáil san fhógra, gan dochar d'fheidhmiú na mbealaí iomchuí slána [...].

(40) Chun a áirithiú nach mbeidh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ina rogha dheiridh ach amháin a fhad is gá agus ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar a gcomhréireacht chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí intuartha, ba cheart do na Ballstáit measúnú riosca a ullmhú a bheidh le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina gcuirfear síneadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha thar an tréimhse thosaigh 6 mhí mar fhreagairt ar bhagairtí intuartha. Ba cheart do na Bhallstáit míniú a thabhairt go háirithe ar scála agus ar fhorbairt na bagartha tromchúisí sainaitheanta, lena n-áirítear an fad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar aici, mar aon lena mbearta comhordaithe leis na Ballstáit eile a mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.

(41) Ba cheart don Choimisiún a bheith i dteideal faisnéis bhreise a iarraidh ar bhonn an fhógra a fhaightear, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an measúnú riosca nó na bearta comhair agus comhordaithe leis na Ballstáit a ndéanann an síneadh atá beartaithe ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh. I gcás nach gcomhlíonann an fógra na híoscheanglais, ba cheart don Choimisiún an fógra a phlé leis an mBallstát lena mbaineann agus faisnéis bhreise a iarraidh air, sin nó **<u>a iarraidh ar an mBallstát sin</u>** [...] an **<u>fógra tosaigh a chomhlánú</u>** [...].

[4] 2020/C 102 I/03.

(42) Chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta a áirithiú sna gníomhaíochtaí a dhéanann difear do thaisteal gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart do na Ballstáit Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas freisin faoi na príomhghnéithe a bhaineann le hathbhunú beartaithe na rialuithe teorann. I gcásanna a bhfuil údar leo, féadfaidh na Ballstáit faisnéis den sórt sin a rúnaicmiú freisin. Gach bliain, de bhun Airteagal 33 de Chód Teorainneacha Schengen, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha ('an tuarascáil ar Staid Schengen'), ar tuarascáil í inar cheart aird ar leith a thabhairt ar an staid maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír, ag cur leis an bhfaisnéis atá ar fáil ó na Gníomhaireachtaí ábhartha agus ar anailís sonraí ó na córais faisnéise ábhartha. Ba cheart measúnú a dhéanamh inti freisin ar an ngá atá le rialuithe teorann a athbhunú agus ar a gcomhréireacht sa tréimhse a chumhdaítear leis an Tuarascáil sin. Cumhdóidh tuarascáil Schengen freisin na hoibleagáidí um thuairisciú is toradh ar Airteagal 20 de Shásra Meastóireachta Schengen[5].

(43) Leis an sásra um rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach i gcásanna práinneacha nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí intuartha, ba cheart a fhoráil sa sásra sin maidir leis an bhféidearthacht a thabhairt don Choimisiún comhairliúcháin a eagrú idir na Ballstáit, lena n-áirítear arna iarraidh sin d'aon Bhallstát. <u>**Ba cheart don Choimisiún an comhairliúchán sin a eagrú arna iarraidh sin ag Ballstát.**</u> Ba cheart do Ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin chun a gcuid saineolais a roinnt, i gcás inarb iomchuí. Sna comhairliúcháin sin, ba cheart féachaint ar na rialacha mionsonraithe a bhaineann le rialuithe a dhéanamh ag na teorainneacha inmheánacha agus ar a n-amlíne, ar bhearta maolaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar na féidearthachtaí a bhaineann le bearta malartacha a chur i bhfeidhm [...]. I gcás inar eisigh an Coimisiún nó Ballstát tuairim a léiríonn imní maidir le hathbhunú rialuithe teorann, ba cheart na comhairliúcháin sin a bheith éigeantach.

(43a) <u>**I limistéar ina bhféadfaidh daoine gluaiseacht faoi shaoirse, gan teorainneacha inmheánacha – atá ar cheann de phríomhéachtaí an Aontais Eorpaigh – i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CAE, ba cheart gur eisceacht i gcónaí rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus níor cheart é a dhéanamh ach mar rogha dheiridh. Ní mór eisceachtaí agus maoluithe ar shaorghluaiseacht daoine a léirmhíniú go docht. Ionas nach ndéanfar dochar don phrionsabal féin, eadhon nach ann d'aon rialú ag teorainneacha inmheánacha, mar atá chumhdaítear in Airteagal 3(2) CAE agus arna athdhearbhú in Airteagal 67(2) CFAE, níor cheart gur ar feadh tréimhse neamhtheoranta a dhéanfaí rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i ngeall ar an mbaol céanna.**</u>

---

5 Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(44) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún agus na Ballstáit fós aon údar imní a chur in iúl a mhéid a bhaineann le riachtanas agus comhréireacht cinnidh ó Bhallstát i leith rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar chúis práinne nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt intuartha. I gcás ina ndéanfar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a shíneadh i gcás bagairtí intuartha le haghaidh tréimhsí níos faide ná [...] **12** mhí le chéile, ba cheart é a bheith ina cheanglas ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint lena ndéanfar measúnú ar riachtanas agus comhréireacht na rialuithe sin ag teorainneacha inmheánacha. **Sa limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha, ní gá go mbeadh baol tromchúiseach ann do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach i mBallstát ó thaobh teorainn ama de.** **I gcás den sórt sin**, i gcás ina measann Ballstát **go bhfuil** [...] cás **mór** eisceachtúil ann [...] a thugann údar leis an ngá leanúnach atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain, **ba cheart coimircí breise a leagan síos ó thaobh measúnú riosca de. Ba cheart a bheith ar áireamh san fhógra a thugann an Ballstát lena mbaineann na bearta atá beartaithe aige a ghlacadh, i gcomhar le Ballstáit eile i gcás inarb iomchuí, lena bhféadfar déileáil leis an mbagairt chomh maith le cur i láthair maidir leis na modhanna, na gníomhaíochtaí, na coinníollacha agus amlíne a mheastar d'fhonn deireadh a chur leis na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha chun prionsabal na saorghluaiseachta a choinneáil tar éis thréimhse dheiridh an tsínidh. B**a cheart don Choimisiún barúil [...] **nua** a eisiúint. **I gcás ina gcuirtear ábhair imní in iúl sa tuairim sin faoin gá atá le síneadh agus faoi chomhréireacht an tsínidh, ba cheart don Choimisiún, moladh a ghlacadh, gan aon mhoill mhíchuí, a bheidh le díriú ar an mBallstát lena mbaineann, ina sainaithneofar modhanna, gníomhaíochtaí, coinníollacha agus amlíne d'fhonn deireadh a chur leis na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha. I gcás ina bhfuil gá leanúnach le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus nach leor tréimhse bhreise sé mhí chun a áirithiú go mbeidh bearta malartacha éifeachtacha ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an gcás mór eisceachtúil sin mar gheall ar an mbagairt leanúnach, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann fógra a thabhairt gan mhoill don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe aige síneadh a chur leis na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha agus ba cheart don Bhallstát an dáta a shonrú a mheasann sé go gcuirfear deireadh leis na rialuithe ar a dhéanaí. Ba cheart don Choimisiún moladh a ghlacadh gan mhoill maidir le comhoiriúnacht an tsínidh deiridh sin, lena n-áirítear dáta agus raon feidhme an tsínidh sin, le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta i gcomhréir le prionsabal na heaspa rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) CAE agus dá dtagraítear in Airteagal 67(2) CFAE. Ba cheart go n-aithneofaí leis an moladh, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le Ballstáit eile, bearta cúitimh éifeachtacha a bheidh le cur chun feidhme agus amlíne réasúnta d'fhonn deireadh a chur leis na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha. Ina theannta sin, ba cheart don Chomhairle, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, malartú tuairimí a thionól maidir leis an mbagairt leanúnach a agraítear lena dtugtar údar don Bhallstát lena mbaineann go bhfuil gá leanúnach le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Dá bhrí sin, tá sé i gceist leis an nós imeachta sin cothromaíocht chóir a bhaint amach idir an tsaorghluaiseacht agus síneadh a chur le rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha ar feadh tréimhse teoranta ama, agus na bearta malartacha iomchuí atá ar fáil maidir le rialuithe ag na teorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce agus coimirciú na slándála inmheánaí á gcur san áireamh.** Ba cheart **nós imeachta** den sórt sin [...] a bheith gan dochar do na bearta forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sáraithe, a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh aon tráth i gcoinne aon Bhallstát toisc nár chomhlíon sé a oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. I gcás ina n-eiseofar tuairim, ba cheart don Choimisiún comhairliúcháin a thionscnamh leis na Ballstáit lena mbaineann.

(45) Chun go bhféadfar an anailís *post factum* a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú ar bhonn sealadach ag na teorainneacha inmheánacha, ba cheart é a bheith mar oibleagáid ar na Ballstáit fós tuarascáil maidir le hathbhunú na rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin a luaithe a chuireann siad deireadh leis na rialuithe. I gcás ina gcoinnítear na rialuithe ar feadh tréimhsí fada ama, ba cheart an tuarascáil sin a chur isteach freisin tar éis 12 mhí, agus gach bliain ina dhiaidh sin má choimeádtar rialuithe eisceachtúla ar bun agus fad a choimeádtar na rialuithe ar bun. Ba cheart a leagan amach sa tuarascáil, go háirithe, an measúnú tosaigh agus an measúnú leantach ar an ngá atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar urramú na gcritéar [...] maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. Ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh i ngníomh cur chun feidhme agus é a chur ar fáil ar líne.

(46) Fad a bheidh an Rialachán seo á chur chun feidhme acu, ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú i gcoinne daoine bunaithe ar ghnéas, ar bhunadh ciníoch ná eitneach, ar reiligiún ná ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois ná ar chlaonadh gnéasach.

(47) Bainfidh na húdaráis inniúla úsáid as a gcumhachtaí seiceálacha a dhéanamh laistigh den chríoch agus cuirfidh siad nósanna imeachta ábhartha i bhfeidhm agus lánurraim á tabhairt do na rialacha maidir le cosaint sonraí faoi dhlí an Aontais. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis náisiúnta inniúla chun críocha an Rialacháin seo, de réir a raon feidhme faoi seach.

(48) Is é cuspóir an Rialacháin seo feidhmiú limistéar Schengen a neartú. Ní féidir an cuspóir sin a bhaint amach más ar a chonlán féin atá gach Ballstát ag gníomhú. Dá bhrí sin, is gá leasú a dhéanamh ar na comhrialacha arna mbunú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(49) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(50) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[6]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(51) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis*[7] Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[8].

(52) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[9], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE[10], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle.[11]

---

6 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen, IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

7 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

8 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.

9 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

10 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.

11 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, IO L 53, 27.2.2008, lch. 1.

(53) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[12], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[13].

(54) Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE[14].

(55) Urramaíonn an Rialachán seo cearta bunúsacha agus comhlíonann sé na prionsabail a aithnítear go sainráite le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(56) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 agus Treoir 2008/115/CE a leasú dá réir,

---

12 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

13 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine, IO L 160, 18.6.2011, lch. 19.

14 Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 mar a leanas:

(1) **Leasaítear** Airteagal 2 [...] mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 12:

12. Ciallaíonn 'faireachas ar theorainneacha' faireachas a dhéanamh ar theorainneacha idir pointí trasnaithe **teorann** agus **faireachas** ar phointí trasnaithe teorann lasmuigh d'uaireanta oscailte seasta, lena n-áirítear bearta coisctheacha chun trasnuithe teorann neamhúdaraithe **a chosc nó a bhrath** nó daoine **a chosc ó bheith** ag teacht timpeall ar sheiceálacha teorann **nó na daoine sin a bhrath**.

b) cuirtear isteach pointí 27 go 30 seo a leanas:

27. **ciallaíonn** 'ionstraimiú imirceach' staid ina spreagann nó ina n-éascaíonn **tríú tír nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é** [...] **gluaiseacht** náisiúnach tríú tír chuig na teorainneacha seachtracha **nó chuig Ballstát** [...], **chun** [...] an tAontas [...] nó Ballstát **a dhíchobhsú**, [...] i gcás ina **bhféadfadh** **gníomhaíochtaí den sórt** sin feidhmeanna bunriachtanacha **Ballstáit** a chur i mbaol, lena n-áirítear [...], caomhnú an dlí agus an oird, nó cosaint a shlándála náisiúnta;

28. Ciallaíonn 'taisteal riachtanach' taisteal a bhfuil feidhm nó gá riachtanach leis, agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme de chuid an Aontais agus na mBallstát á gcur san áireamh [...];

29. Ciallaíonn 'taisteal neamhriachtanach' taisteal chun críoch eile seachas taisteal riachtanach;

30. ciallaíonn 'moil iompair' aerfoirt, calafoirt farraige nó abhann, stáisiúin traenach nó bus **mar aon le críochfoirt lastais.**'

(2) In Airteagal 5, cuirtear mír 4 **seo a leanas** leis:

'4. Féadfaidh **na Ballstáit**, **go háirithe** i gcás ina ndéantar ionstraimiú ar imircigh **nó i staideanna éigeandála eile ag an teorainn sheachtrach**, [...] pointí trasnaithe teorann [...] **sonracha a dhúnadh go sealadach** ach é a fhógairt de bhun mhír 1, nó **srian** a chur lena n-uaireanta oscailte i gcás inar gá sin.

**Féadfaidh na Ballstáit, go háirithe i gcás ina ndéantar ionstraimiú ar imircigh, i gcás ina ndéanfadh náisiúnaigh tríú tír iarracht brú isteach *en masse* trí mhodhanna foréigneacha a úsáid, na bearta is gá a dhéanamh chun an tslándáil agus an dlí agus an t-ord a chaomhnú.**

Aon **bhearta** [...] de bhun na chéad fhomhíre agus **an dara** fomhír, déanfar iad a chur chun feidhme ar bhealach comhréireach lena gcuirtear san áireamh go hiomlán na cearta seo a leanas:

(a) daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais;

(b) náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad faoi Threoir 2003/109/CE ón gComhairle[15], daoine a bhfuil ceart cónaitheachta acu arna dhíorthú ó ionstraimí eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta nó daoine a bhfuil víosaí fad-[...]**fhanachta** náisiúnta acu, mar aon le baill teaghlaigh na ndaoine sin faoi seach;

(c) náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu.'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

'Airteagal 13

*Faireachas ar theorainneacha*

1. Is é an príomhchuspóir atá leis an bhfaireachas ar theorainneacha trasnuithe teorann neamhúdaraithe a [...] **chosc agus a bhrath**, an choireacht trasteorann a chomhrac agus bearta a ghlacadh i gcoinne daoine atá tar éis an teorainn a thrasnú go neamhdhleathach. **Ina theannta sin, le faireachas teorann, cuideofar le feasacht ar dhálaí a mhúscailt agus le hanailísí riosca a dhéanamh.**

Duine a thrasnaigh teorainn go mídhleathach agus nach bhfuil cead aige fanacht ar chríoch an Bhallstáit atá i gceist, déanfar an duine sin a ghabháil agus a chur faoi réir na nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE.

2. Bainfidh na gardaí teorann úsáid **as na hacmhainní uile is gá, lena n-áirítear** aonaid dho-aistrithe nó aonaid shoghluaiste**,** chun faireachas a dhéanamh ar theorainneacha.

Déanfar an faireachas sin ar bhealach a chuirfidh cosc ar dhaoine trasnuithe teorann neamhúdaraithe a dhéanamh idir pointí trasnaithe teorann **nó** [...] a theacht timpeall ar na seiceálacha atá ag na pointí trasnaithe teorann, agus ar bhealach a dhíspreagfaidh iad an dá rud sin a dhéanamh.

[15] Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44.).

3. Is iad na gardaí teorann a dhéanfaidh faireachas idir pointí trasnaithe teorann agus déanfar líon agus modhanna na ngardaí sin a oiriúnú ag brath ar na rioscaí agus na bagairtí atá ann nó a mheastar a bheidh ann. Beidh athruithe minice agus tobanna ar thréimhsí faireachais agus ar mhodhanna nó teicnící eile i gceist leis an bhfaireachas, ionas **go gcoiscfear nó go mbraithfear** [...] trasnuithe teorann neamhúdaraithe ar bhealach éifeachtach.

4. Is aonaid dho-aistrithe nó aonaid shoghluaiste a dhéanfaidh an faireachas agus chun a gcúraimí a chomhlíonadh déanfaidh siad patrólú nó beidh siad suite in áiteanna a aithnítear mar áiteanna leochaileacha nó a cheaptar a bheith leochaileach, agus beidh d'aidhm ag an bhfaireachas sin trasnuithe teorann neamhúdaraithe a chosc nó daoine atá i mbun an teorainn a thrasnú go neamhdhleathach **nó a thrasnaigh** go neamhdhleathach í a ghabháil. Féadfar faireachas a dhéanamh ar bhealaí teicniúla freisin, lena n-áirítear bealaí leictreonacha, trealamh**,** [...] córais leictreonacha faireachais **agus, i gcás inarb iomchuí, gach cineál bonneagair dho-aistrithe agus shoghluaiste**.

5. [...] Treiseoidh [...] na Ballstá**i**t lena mbaineann an faireachas ar theorainneacha de réir mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt mhéadaithe**, go háirithe nuair a bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar chás ina ndéantar ionstraimiú ar imircigh.** Go háirithe, cuirfidh [...] na Ballstá**i**t feabhas, mar is iomchuí, ar na hacmhainní agus ar na modhanna teicniúla chun cosc a chur ar [...] thrasn**uithe** **teorann** neamhúdaraithe [...].

   [...].

6. Gan dochar don tacaíocht a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht [...] a chur ar fáil do na Ballstáit, i gcás ina ndéantar ionstraimiú ar imircigh, féadfaidh an Ghníomhaireacht measúnú leochaileachta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 10(1), pointe (c) agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], d'fhonn an tacaíocht is gá a chur ar fáil don Bhallstát lena mbaineann.

   Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe sin nó aon mheasúnaithe leochaileachta ábhartha eile, nó má shanntar leibhéal tionchair géibheannach don chuid den teorainn lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 35(1)(d) de Rialachán (AE) 2019/1896, tabharfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta [...] moltaí, i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Rialachán sin, d'aon Bhallstát lena mbaineann.

---

[16] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624, IO L 295, 14.11.2019.

7. **Féadfaidh** an Coimisiún **gníomh cur chun feidhme** a ghlacadh [...] maidir le **híoschaighdeáin choiteanna** le haghaidh faireachas ar theorainneacha. Cuirfear san áireamh sna híoschaighdeáin choiteanna sin [...] cineál na dteorainneacha, na leibhéil tionchair a shanntar do gach cuid de theorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh, **amhail saintréithe geografacha. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).**'

(4) Athainmnítear Caibidil V mar a leanas: 'Bearta sonracha a bhaineann leis na teorainneacha seachtracha'

[...]**C**uirtear an tAirteagal seo[...] a leanas isteach:

'Airteagal 21a

*Srianta ar thaisteal chuig an Aontas Eorpach*

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cásanna ina mbeidh **baol ann don tsláinte phoiblí** de dheasca galar tógálach a bheith ann i dtríú tír amháin nó i níos mó tríú tíortha a mbaineann baol eipidéime leis mar a shainmhínítear le hionstraimí ábhartha na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus i gcás ina mbunóidh an Coimisiún, **ag leanúint na comhairle** ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú [...], **agus faisnéis a fuarthas ó na húdaráis inniúla náisiúnta á cur san áireamh aige, [...] go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an mbaol sin ar an limistéar gan rialuithe ag a theorainneacha inmheánacha.**

2. Féadfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, rialachán cur chun feidhme a ghlacadh, lena bhforáiltear do shrianta sealadacha ar thaisteal chuig na Ballstáit **lena gcur i bhfeidhm ag na teorainneacha seachtracha.**

   [...] **L**eis na srianta sealadacha sin ar thaisteal [...], d'fhéadfaí srianta ar dhul isteach sna Ballstáit a áireamh agus **íos-srianta sealadacha sláinte** a bheadh riachtanach chun an tsláinte phoiblí a chosaint sa limistéar gan rialuithe ag a theorainneacha inmheánacha, cuir i gcás, tástáil, coraintín agus féin-leithlisiú. **Beidh na srianta sealadacha ar thaisteal comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.**

**<u>Féadfaidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil údar leis ar fhorais sláinte poiblí, srianta taistil sealadacha níos déine a ghlacadh le cur i bhfeidhm ar a gcríoch ná na srianta a leagtar síos sa Rialachán cur chun feidhme. Beidh aon srianta níos déine den sórt sin comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Ní bheidh, mar thoradh ar shrianta níos déine a ghlacadh, tionchar díréireach diúltach ar fheidhmiú an limistéir sin nach bhfuil rialuithe i bhfeidhm ag a theorainneacha inmheánacha.</u>**

3. Beidh na catagóirí daoine seo a leanas díolmhaithe ó na srianta ar dhul isteach, gan beann ar chuspóir a dtaisteal:

a) daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais;

b) náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad **<u>mar a shainmhínítear i</u>** [...] dTreoir 2003/109/CE, daoine a bhfuil ceart cónaitheachta acu arna dhíorthú ó ionstraimí eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta nó daoine a bhfuil víosaí fad[...]**<u>fhanachta</u>** náisiúnta acu, mar aon le baill teaghlaigh na ndaoine sin faoi seach.

4. Leis an rialachán cur chun feidhme dá dtagraítear i mír [...] **<u>2</u>**, déanfar an méid seo a leanas i gcás inarb iomchuí:

a) **<u>cinneadh a dhéanamh</u>** maidir le [...] haon limistéir gheografacha nó aon tríú tír óna bhféadfaidh [...] taisteal a bheith faoi réir srianta nó díolúintí ó shrianta, **<u>agus nós imeachta a shainiú chun</u>** [...] staid ar leith na limistéar nó na dtíortha lena mbaineann **<u>agus na srianta ar thaisteal a forchuireadh</u>** **<u>a athbhreithniú go tráthrialta</u>** ar bhonn modheolaíocht oibiachtúil agus critéir oibiachtúla, lena n-áirítear, go háirithe, an staid eipidéimeolaíoch;

b) catagóirí **<u>na</u>** [...] ndaoine a shainiú a dhéanann [...] taisteal riachtanach atá le bheith díolmhaithe ó [...] shrianta **<u>ar dhul isteach</u>** is infheidhme maidir le taisteal;

**(c)** na coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfar srianta taistil a fhorchur, [...], ar dhaoine atá i mbun taisteal riachtanach, [...]. ;

**(d)** **<u>íos-srianta sealadacha sláinte a leagan síos a bhféadfadh daoine dá dtagraítear i mír 3 a) agus b) a bheith faoina réir;</u>**

(e) na coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfar srian a chur le taisteal neamhriachtanach [...] nó é a dhíolmhú ó shrianta, lena n-áirítear cruthúnas a bheidh le taispeáint chun tacú leis an díolúine agus na coinníollacha a bhaineann le fad agus cineál na tréimhse fanachta sna limistéir nó sna tíortha dá dtagraítear i bpointe (b);

5. Ní fhéadfar srianta ar **dhul isteach a fhorchur orthu siúd atá i mbun** taisteal riachtanach [...] **ach [...] go heisceachtúil, go ceann tréimhse ama atá teoranta go docht, go dtí go mbeidh faisnéis leordhóthanach faoin ngalar dá dtagraítear i mír 1 nó go mbeidh athraitheach nua de ar fáil agus go dtí go ndéanfaidh an Chomhairle srianta sláinte eile a shainaithint agus a ghlacadh chun an tsláinte phoiblí a chosaint agus lena gcur i bhfeidhm maidir leis na daoine sin.**

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

'Airteagal 23
*[...]*

***Seiceálacha laistigh den chríoch***

Ní dhéanfaidh éagmais rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha difear d'aon cheann acu seo a leanas:

a) feidhmiú cumhachtaí póilíneachta ná cumhachtaí poiblí eile arna dhéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát ar a gcríoch, lena n-áirítear ar a limistéir teorann inmheánaí, mar a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta, sa mhéid nach bhfuil éifeacht choibhéiseach ag feidhmiú na gcumhachtaí sin agus atá ag seiceálacha teorann. **Féadfar a áireamh ar fheidhmiú cumhachtaí, i gcás inarb iomchuí, úsáid teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais a úsáidtear go ginearálta sa chríoch, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí.**

Ní mheasfar, go háirithe, gurb ionann a gcumhachtaí a bheith á bhfeidhmiú ag údaráis inniúla agus seiceálacha teorann a bheith á ndéanamh nuair a **chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas** leis na bearta:

i) ní rialú teorann is cuspóir leo;

ii) tá siad bunaithe ar fhaisnéis ghinearálta agus ar thaithí ghinearálta na n-údarás inniúil maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí agus tá sé d'aidhm acu, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an choireacht trasteorann a chomhrac;

– an imirce **neamhdhleathach** [...] a chomhrac; nó

– leathadh galair thógálaigh a mbaineann baol eipidéime leis a shrianadh, **ar bhunaigh an Coimisiún gurb ann dó** [...], **ag** **leanúint na comhairle ón** Lárionad Eorpach um Rialú Galar, **agus faisnéis ó na húdaráis inniúla náisiúnta á cur san áireamh;**

iii) ceaptar agus déantar iad ar bhealach ar léir é a bheith éagsúil ó sheiceálacha córasacha ar dhaoine ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar iad ag moil iompair nó go díreach ar bord seirbhísí **iompair** paisinéirí agus nuair a bhíonn siad bunaithe ar **mheasúnú** [...] riosca;

iv) [...]

b) gur féidir le Ballstát seiceálacha slándála a dhéanamh ar dhaoine [...] i moil iompair, arna ndéanamh ag údaráis inniúla **nó iompróirí** faoi dhlí gach Ballstáit, [...] ar choinníoll go ndéantar na seiceálacha sin freisin ar dhaoine atá ag taisteal laistigh de Bhallstát;

(c) gur féidir le Ballstát a fhoráil sa dlí d'oibleagáid a chur ar dhaoine páipéir agus doiciméid a bheith ina seilbh nó á n-iompar acu;

(d) gur féidir le Ballstát a fhoráil le dlí d'oibleagáid a chur ar náisiúnaigh tríú tír a láithreacht ar a chríoch a thuairisciú **agus** **don oibleagáid ar bhainisteoirí bunaíochtaí a chuireann lóistín ar fáil a chinntiú go gcomhlánóidh agus go síneoidh náisiúnaithe tríú tír foirmeacha clárúcháin** de bhun fhorálacha Airteaga**i**l 22 **agus 45 faoi seach** den Choinbhinsiúin chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile ('Coinbhinsiún Schengen');

(e) seiceálacha chun críoch slándála ar shonraí paisinéirí sna bunachair sonraí ábhartha i dtaca le daoine atá ag taisteal sa limistéar gan rialuithe ag a theorainneacha inmheánacha, ar seiceálacha iad a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a dhéanamh faoin dlí is infheidhme.'

(6) Cuirtear an tAirteagal [...] seo a leanas isteach:

'Airteagal 23a

*Nós imeachta maidir le* **náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach** *a ghabhtar* ***i [...] [...] limistéir*** *teorann [...] a aistriú*

1. **Leagtar síos** san Airteagal seo [...] **an nós imeachta maidir le náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach agus a ghabhtar** [...] **i limistéir teorann dá dtagraítear in Airteagal 23 [...]**, i gcásanna ina gcomhlíontar [...] na coinníollacha seo a leanas:

   [...]

   [...]

   **a** [...]) go ngabhtar an náisiúnach tríú tír [...] le linn [...] **seiceálacha arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla laistigh de chreat déthaobhach comhair, lena bhféadfaí patróil chomhpháirteacha phóilíneachta a áireamh, go háirithe, i gcás ina gcomhaontaíonn na Ballstáit nós imeachta den sórt sin a úsáid sa chreat comhair dhéthaobhaigh sin, agus**

   **b** [...]) tá tásca soiléire ann gur tháinig an náisiúnach tríú tír **atá ag fanacht go neamhdhleathach** go díreach ón mBallstát eile, ar bhonn faisnéise atá ar fáil láithreach do na húdaráis gabhála, lena n-áirítear ráitis ón duine lena mbaineann, doiciméid chéannachta, doiciméid taistil nó doiciméid eile a aimsíodh ar an duine sin nó torthaí na gcuardach a rinneadh i mbunachair sonraí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

2. [...] **Tar éis** dóibh náisiúnach tríú tír **atá ag fanacht go neamhdhleathach** [...] **a ghabháil sna limistéir teorann** [...], féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a chinneadh an duine sin a aistriú láithreach chuig an mBallstát ónar tháinig an duine isteach nó óna raibh sé ag iarraidh teacht isteach, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XII. **Beidh an t-aistriú sin gan dochar do chomhaontuithe déthaobhacha nó do shocruithe déthaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE.**

3. I gcás ina gcuirfidh Ballstát **an aistrithe** an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm, beidh de cheangal ar an mBallstát glactha gach beart is gá a dhéanamh chun an náisiúnach tríú tír lena mbaineann a ghlacadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XII. **Is féidir teacht ar chomhaontú faoi na rialacha mionsonraithe praiticiúla faoin gcreat déthaobhach comhair i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.**

4. Ó [*bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin*] agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin na sonraí arna dtaifeadadh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn XII, maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2 agus 3.'

(7) [...]**C**uirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad míre d'Airteagal 24[...]:

'Bainfidh na Ballstáit na bacainní ar fad atá ar shreabhadh éasca tráchta ag pointí trasnaithe bóthair ag teorainneacha inmheánacha, go háirithe aon luasteorainn nach bhfuil bunaithe go heisiach ar cheisteanna slándála bóthair nó nach bhfuil gá leo chun na teicneolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 23, pointe (a) [...] a úsáid.'

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

'Airteagal 25

*Creat ginearálta le haghaidh rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a shíneadh ar bhonn sealadach*

1. I gcás ina bhfuil bagairt thromchúiseach ann do bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i mBallstát, féadfaidh an Ballstát sin rialú teorann a athbhunú ar bhonn eisceachtúil ag a theorainneacha inmheánacha uile nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha.

   Féadfar a mheas gur as na nithe seo a leanas, go háirithe, a thagann bagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach:

   (a) gníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht eagraithe;

   (b) éigeandálaí sláinte poiblí mórscála;

   (c) staid **eisceachtúil** arb é a príomhthréith gluaiseachtaí neamhúdaraithe mórscála náisiúnach tríú tír idir na Ballstáit, [...] **ina gcuirtear brú suntasach ar acmhainní agus ar acmhainneachtaí foriomlána na seirbhísí náisiúnta freagracha arna léiriú le hanailís faisnéise agus leis na sonraí go léir atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí ó ghníomhaireachtaí an Aontais.**

   (d) imeachtaí idirnáisiúnta mórscála nó ardphróifíle [...]

2. I ngach cás, déanfar rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú mar rogha dheiridh **amháin**. Ní rachaidh raon feidhme agus fad athbhunú sealadach rialuithe teorann thar a bhfuil riachtanach chun freagairt a thabhairt ar an mbagairt thromchúiseach a sainaithníodh.

Ní fhéadfar rialuithe teorann a bhunú ach amháin de bhun Airteagail 25a agus 28 i gcás ina bhfuil sé suite ag Ballstát go bhfuil an beart sin riachtanach agus comhréireach, agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 26(1) á gcur san áireamh, agus, i gcás ina gcuirtear síneadh leis na rialuithe sin, na critéir dá dtagraítear in Airteagal 26(2) freisin. Féadfar rialuithe teorann a athbhunú freisin i gcomhréir le hAirteagal 29, agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 30 á gcur san áireamh.

3. I gcás ina leanann an bhagairt chéanna [...], féadfar síneadh a chur le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha i gcomhréir le hAirteagail 25a, 28 nó 29.

Measfar gurb ann don bhagairt chéanna i gcás ina bhfuil an bonn cirt atá curtha chun cinn ag an mBallstát maidir le síneadh a chur le rialuithe teorann bunaithe ar an gcinneadh gurb ann fós don bhagairt chéanna a bhí ina bonn cirt leis na rialuithe teorann a athbhunú ar dtús.’

(9) Cuirtear isteach Airteagal 25a nua i ndiaidh Airteagal 25:

‘Airteagal 25a

*Nós imeachta i ndáil le cásanna ina n-éilítear beart i ngeall ar theagmhais neamh-intuartha nó intuartha*

1. I gcás nach féidir bagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach i mBallstát a thuar agus ina bhfuil gá le beart láithreach dá barr, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, ar bhonn eisceachtúil, rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú láithreach.

2. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, tráth a athbhunaítear rialuithe teorann faoi mhír 1, go bhfuil rialuithe teorann á n-athbhunú, i gcomhréir le hAirteagal 27(1).

3. Chun críocha mhír 1, féadfar rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú láithreach ar feadh tréimhse teoranta nach faide ná mí amháin. Más ann don bhagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach tar éis na tréimhse sin, féadfaidh an Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a shíneadh ar feadh tréimhsí níos faide, tréimhsí a mbeidh uasfhad nach faide ná 3 mhí acu.

4. I gcás inar féidir bagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach i mBallstát a thuar, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 27(1), laistigh de 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh an dáta atá beartaithe d’athbhunú na rialuithe teorann, nó **a luaithe is féidir** [...] i gcás ina bhfuiltear eolach faoi na cúinsí is cúis leis an ngá le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an dáta atá beartaithe don athbhunú.

5. [...] **<u>I gcás ina bhfuil feidhm</u>** ag mír 4, agus gan dochar d'Airteagal 27a(4), féadfar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí. I gcás inarb ann don bhagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach tar éis na tréimhse sin, féadfaidh an Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a shíneadh go ceann tréimhsí inathnuaite nach faide ná 6 mhí.

   Cuirfear aon síneadh in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 27 agus laistigh de na srianta ama dá dtagraítear i mír 4. Faoi réir Airteagal 27a(5), ní rachaidh uasfhad an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha thar 2 bhliain.

6. An tréimhse dá dtagraítear i mír 5, ní áireofar tréimhsí dá dtagraítear i mír 3 inti.'

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

'Airteagal 26

*Critéir maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a shíneadh ar bhonn sealadach*

1. Chun a shuí an bhfuil sé riachtanach agus comhréireach rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 25**<u>(2)</u>**, **<u>measúnóidh</u>** Ballstát na nithe seo a leanas [...] go háirithe:

   (a) a iomchuí atá sé rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, ag féachaint do chineál na bagartha tromchúisí a sainaithníodh agus go háirithe, an dócha go réiteoidh athbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha an bhagairt don bheartas poiblí nó, don tslándáil inmheánach, ar bhealach leormhaith;

   (b) an tionchar is dócha a bheidh ag beart den sórt sin ar an méid seo a leanas:

      – gluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus

      – feidhmiú na réigiún trasteorann, agus na naisc láidre shóisialta agus eacnamaíocha eatarthu á gcur san áireamh.

2. I gcás ina gcinneann Ballstát síneadh a chur leis an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha de bhun Airteagal 25a(5), déanfaidh sé measúnú mionsonraithe freisin an bhféadfaí cuspóirí an tsínidh sin a bhaint amach a bhuí leis na nithe seo a leanas:

   a) úsáid beart malartach amhail seiceálacha comhréireacha a dhéantar i gcomhthéacs [...] **<u>seiceálacha laistigh den chríoch</u>** [...] dá dtagraítear in Airteagal 23 pointe (a);

   [...]

[...](**b**) [...] **cineálacha** comhair póilíneachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais**, lena n-áirítear an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23a**[...];

**[...](c) comhbhearta maidir le srianta sealadacha ar thaisteal chuig na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 21d(2).**

3. I gcás inar athbhunaíodh nó inar cuireadh síneadh le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann[...] go mbeidh bearta iomchuí ag gabháil leo a mhaolóidh na tionchair a bheidh ag athbhunú rialuithe teorann ar dhaoine agus ar iompar earraí, agus aird ar leith a thabhairt ar na **naisc láidre shóisialta agus eacnamaíocha idir** réigiúin trasteorann, **agus le daoine atá i mbun taisteal riachtanach.**'

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

'Airteagal 27

*Fógra a thabhairt maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach agus measúnú riosca*

1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sna fógraí a dhéanfaidh na Ballstáit maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó síneadh a chur leo:

(a) na cúiseanna atá leis an athbhunú nó an síneadh, lena n-áirítear na sonraí ábhartha ar fad ina dtugtar tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhartha is cúis le bagairt thromchúiseach dá bheartas poiblí nó dá shlándáil inmheánach;

(b) raon feidhme an athbhunaithe nó an tsínidh atá beartaithe, ina sonraítear an chuid nó na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhfuil an rialú teorann le hathbhunú nó le síneadh;

(c) ainmneacha na bpointí trasnaithe atá údaraithe;

(d) dáta agus fad an athbhunaithe nó an tsínidh atá beartaithe;

(e) an **measúnú ar** [...] an riachtanas agus ar an gcomhréireacht dá dtagraítear in Airteagal 26(1) agus, i gcás sínidh, in Airteagal 26(2);

(f) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le glacadh ag na Ballstáit eile.

Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó fógra a chur isteach le chéile.

**Cuirfidh** [...] **na Ballstáit** [...] an fógra **isteach ag úsáid** [...] teimpléid a bhunóidh an Coimisiún [...] agus [...] a chuirfidh sé ar fáil ar líne. [...]

2. I gcás ina bhfuil rialuithe teorann i bhfeidhm le 6 mhí i gcomhréir le hAirteagal 25a(**<u>5</u>**), áireofar measúnú riosca in aon fhógra ina dhiaidh sin maidir le síneadh a chur leis na rialuithe sin. Cuirfear i láthair sa mheasúnú riosca scála agus forbairt réamh-mheasta na bagartha tromchúisí sainaitheanta, go háirithe an fad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, mar aon le faisnéis maidir le bearta comhordaithe leis na Ballstáit eile a mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.

3. Nuair a dhéanann **<u>Ballstáit</u>** rialuithe teorainn a athbhunú nó síneadh a chur leo [...] **<u>mar gheall ar chás</u>** dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (**<u>c</u>**[...]), [...] déanfar foráil sa mheasúnú **<u>arna cheangal le mír 1(e) den Airteagal seo do mheasúnú riosca agus</u>** d'fhaisnéis faoi scála agus treochtaí gluaiseachtaí den sórt sin, lena n-áirítear aon fhaisnéis a fhaightear ó na gníomhaíochtaí ábhartha den Aontas, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus ó anailís sonraí ó chórais faisnéise ábhartha.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, aon fhaisnéis bhreise ar fáil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na bearta comhordaithe leis na Ballstáit a ndéanann an síneadh atá beartaithe ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh mar aon leis an bhfaisnéis bhreise is gá chun measúnú a dhéanamh ar úsáid fhéideartha na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 23 agus 23a.

5. Ballstáit a thugann fógra faoi mhíreanna 1 nó 2, féadfaidh siad a chinneadh an fhaisnéis a tugadh fógra fúithi a aicmiú ina iomláine, nó codanna di a aicmiú, más gá sin agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

   Ní chuirfidh an t-aicmiú sin bac ar rochtain ar fhaisnéis, trí bhealaí [...] iomchuí slána ag Ballstáit eile a ndéanann athbhunú sealadach rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh.'

**<u>6. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun an teimpléad dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 1 a bhunú. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).'</u>**

(12) Cuirtear an tAirteagal 27a seo a leanas isteach:

'Airteagal 27a

*Comhairliúchán leis na Ballstáit agus tuairim ón gCoimisiún*

1. Tar éis dó fógraí a fháil, ar fógraí iad arna gcur isteach faoi Airteagal 27(1), féadfaidh an Coimisiún, **ar a thionscnamh féin, nó, arna iarraidh sin do Bhallstát a ndéanann sé difear dó go díreach**, próiseas comhairliúcháin a bhunú [...], lena n-áirítear cruinnithe comhpháirteacha idir an Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó síneadh a chur leis, agus na Ballstáit eile, go háirithe iad siúd a ndéanann na bearta sin difear dóibh go díreach, agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

Is é **cuspóir** an chomhairliúcháin **scrúdú a dhéanamh** [...] go háirithe ar an mbagairt shainaitheanta don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach, [...] **ar an ngá** atá leis na rialuithe teorann a athbhunú agus ar **chomhréireacht** an athbhunaithe sin, agus aird á tabhairt ar oiriúnacht beart malartach, agus ar na bealaí lena áirithiú go gcuirfear an comhar frithpháirteach idir na Ballstáit chun feidhme i ndáil leis na rialuithe teorann athbhunaithe.

An Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a shíneadh, cuirfidh sé [...] [...]torthaí an chomhairliúcháin sin **san áireamh** nuair a bheidh an rialú teorann ag an teorainn inmheánach á dhéanamh aige.

2. Tar éis fógraí a fháil, ar fógraí iad a cuireadh isteach i ndáil le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó síneadh a chur leo, **déanfaidh** an Coimisiún nó aon Bhallstát eile, gan dochar d'Airteagal 72 CFAE, tuairim a eisiúint más rud é, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san fhógra agus sa mheasúnú riosca, i gcás inarb iomchuí, nó ar aon fhaisnéis bhreise, go bhfuil imní orthu maidir leis an ngá atá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó síneadh a chur leis nó maidir le comhréireacht an athbhunaithe nó an tsínidh sin.

3. Tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach maidir le síneadh a chur le rialú teorann ag an teorainn inmheánach faoi Airteagal 25a(4) arb é is toradh air go leantar de na rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh **12** [...] mhí ar an iomlán, eiseoidh an Coimisiún tuairim maidir le riachtanas agus comhréireacht na rialuithe sin ag teorainneacha inmheánacha. **Beidh moltaí sa tuairim ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí, maidir le feabhas a chur ar an gcomhar idir na Ballstáit chun tionchar na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha a theorannú, agus chun cuidiú leis an mbagairt mharthanach a laghdú.**

4. I gcás ina n-eiseofar tuairim dá dtagraítear i míreanna 2 nó 3, **bunóidh** [...] an Coimisiún próiseas comhairliúcháin chun an tuairim a phlé leis na Ballstáit. [...]

5. I gcás go measann Ballstát **go bhfuil** [...] cás **mór** eisceachtúil i gceist **maidir le bagairt sheasmhach** ar údar maith é le gá leanúnach a bheith le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha de bhreis ar an uastréimhse dá dtagraítear in Airteagal **25a5**, cuirfidh sé in iúl don Choimisiún **agus do na Ballstáit eile go bhfuil sé i gceist aige síneadh a chur leis na rialuithe ag a theorainneacha inmheánacha, ceithre seachtain ar a dhéanaí roimh an síneadh beartaithe, go ceann tréimhse bhreise suas le 6 mhí** [...]

   Cuimseofar san fhógra nua, **agus an tuairim ón gCoimisiún arna eisiúint de bhun mhír 3 á cur san áireamh, measúnú riosca i gcomhréir le hAirteagal 27** [...]:

   - ina dtugtar bunús[...] leis an mbagairt leanúnach don bheartas poiblí agus don tslándáil inmheánach[...]**;**

   - **ina dtugtar bunús leis go meastar, nó go bhfuarthas go raibh, bearta malartacha chun an bhagairt a leigheas neamhéifeachtach tráth an fhógra;**

   - **ina gcuirtear i láthair na bearta maolaitheacha a mheastar a bheith ag gabháil leis na rialuithe;**

   - **lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cur i láthair ar na modhanna, na gníomhaíochtaí, na coinníollacha agus an amlíne a mheastar d'fhonn deireadh a chur leis na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.**

   **Laistigh de 3 mhí tar éis an fhógra sin,** eiseoidh an Coimisiún tuairim [...] **nua**. **I gcás ina gcuirtear ábhair imní in iúl sa tuairim sin faoin ngá atá le síneadh agus faoi chomhréireacht an tsínidh, glacfaidh an Coimisiún, gan aon mhoill mhíchuí, moladh a bheidh le díriú ar an mBallstát lena mbaineann, ina sainaithneofar na modhanna, na gníomhaíochtaí agus na coinníollacha d'fhonn deireadh a chur leis na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.**

   **Tar éis dó an fógra sin a fháil, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin don Bhallstát a ndéanfar difear dó go díreach próiseas comhairliúcháin a bhunú, i gcomhréir le mír 1.**

**I gcás, ar cás mór eisceachtúil é, ina ndearbhaítear go bhfuil gá leanúnach le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha mar thoradh ar an nós imeachta dá dtagraítear sa mhír seo, agus nach leor an tréimhse bhreise sé mhí dá dtagraítear inti chun a áirithiú go bhfuil bearta malartacha éifeachtacha ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt leanúnach, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann in iúl don Choimisiún gan mhoill go bhfuil sé ar intinn aige síneadh a chur lena rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, agus sonróidh sé an dáta a mheasann sé a chuirfear deireadh leis na rialuithe ar a dhéanaí, i gcomhréir leis an measúnú riosca dá dtagraítear sa dara fomhír. Glacfaidh an Coimisiún gan mhoill moladh maidir le comhoiriúnacht sínidh deiridh den sórt sin leis na Conarthaí, lena n-áirítear an dáta agus an raon feidhme a ghabhann leis, go háirithe le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Aithneofar leis an moladh, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le Ballstáit eile, na bearta cúitimh éifeachtacha a bheidh le cur chun feidhme agus amlíne réasúnta d'fhonn deireadh a chur leis na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an moladh sin san áireamh d'fhonn na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a bhaint ar dháta sonraithe.**

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

'Airteagal 28

*Sásra sonrach i gcás ina gcuireann an bhagairt thromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i mbaol*

1. I gcás ina suífidh an Coimisiún go ndéanann an bhagairt thromchúiseach chéanna don tslándáil inmheánach nó don bheartas poiblí difear do **roinnt** Ballstát, agus feidhmiú foriomlán an limistéir gan **rialuithe** teorainneacha inmheánacha á chur i mbaol, féadfaidh sé togra a chur faoi bhráid na Comhairle cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údarófar do na Ballstáit na rialuithe teorann a athbhunú, **lena n-áirítear aon bhearta iomchuí maolúcháin atá le bunú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais**, i gcás nach leor na bearta atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagail **21a**, 23 agus 23a chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt sin. **Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún togra den sórt sin a chur faoi bhráid na Comhairle.**

2. Cumhdófar leis an gcinneadh tréimhse suas le 6 mhí agus féadfar é a athnuachan, ar thogra ón gCoimisiún, ar feadh tréimhsí breise suas le 6 mhí fad a mhairfidh an bhagairt, agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 5 á chur san áireamh.

3. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit rialuithe teorann a athbhunú nó síneadh a chur leo de bharr na bagartha dá dtagraítear i mír 1, beidh na rialuithe sin, ón tráth a thiocfaidh an cinneadh ón gComhairle i bhfeidhm, bunaithe ar an gcinneadh sin.

4. [...]

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú **rialta** ar fhorbairt na bagartha sainaitheanta agus ar thionchar na mbeart arna nglacadh i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i mír 1, d'fhonn a mheas an bhfuil bonn cirt leis na bearta fós.

6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile sa Chomhairle ar an eolas láithreach maidir le hathbhunú rialuithe teorann i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1.

7. [...] **Féadfaidh na Ballstáit** bearta eile **a dhéanamh**, dá dtagraítear in Airteagail 23 agus 23a, **chun teorainn a chur le raon feidhme** [...] rialuithe ag teorainneacha inmheánacha [...] **Cuirfidh an Coimisiún an méid sin san áireamh san athbhreithniú dá dtagraítear i mír 5'.**

(14) Leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

a) Déantar mír 1 d'Airteagal 31;

b) cuirtear isteach na míreanna 2 **agus 3** seo a leanas:

2. I gcás ina dtugann Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi rialuithe teorann a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 27(1), cuirfidh sé an méid seo a leanas in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna:

a) [...] **raon feidhme an athbhunaithe, ina sonraítear an chuid nó na codanna den rialú teorainneacha inmheánacha atá le hathbhunú;**

b) na cúiseanna atá leis an [...] athbhunú;

(c) ainmneacha na bpointí trasnaithe atá údaraithe;

(d) dáta agus fad an athbhunaithe atá beartaithe;

(e) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le glacadh ag an mBallstát eile.

3. Ní cheanglófar ar na Ballstáit an fhaisnéis ar fad dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo ar fhorais slándála poiblí **nó mar gheall ar rúndacht imscrúduithe leanúnacha**.

Féadfaidh an soláthar faisnéise a bheith faoi réir aicmiú faisnéise ag na Ballstáit de bhun Airteagal 27**(5)**.

Ní fhágfar leis an aicmiú faisnéise nach gcuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fáil do Pharlaimint na hEorpa. Comhlíonfaidh tarchur agus láimhseáil na faisnéise agus na ndoiciméad a tarchuireadh chuig Parlaimint na hEorpa faoin Airteagal seo na rialacha a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe a chur ar aghaidh agus a láimhseáil, ar rialacha iad atá infheidhme idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún.'

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33:

'*Airteagal 33*
*Tuarascáil ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú*

1. Laistigh de cheithre seachtaine ón uair a chuirfear deireadh le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha, cuirfidh na Ballstáit a rinne rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le hathbhunú rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha agus, i gcás inarb infheidhme, maidir le síneadh a chur le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha.

2. Gan dochar don chéad mhír 1, i gcás ina gcuirfear síneadh le rialuithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 25a(5), cuirfidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil isteach tar éis 12 mhí agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin má choinnítear ar bun rialú teorann ar bhonn eisceachtúil.

3. Leagfar amach sa tuarascáil, go háirithe, an measúnú tosaigh agus an measúnú leantach ar an ngá atá le rialuithe teorann agus ar urramú na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 26, feidhmiú na seiceálacha, an comhar praiticiúil le Ballstáit chomharsanachta, an tionchar ar ghluaiseacht daoine de bharr na rialuithe sin go háirithe sna réigiúin trasteorann, an éifeachtacht a bhí ag athbhunú rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, lena n-áirítear measúnú ex post ar chomhréireacht athbhunú an rialaithe teorann.

4. Glacfaidh an Coimisiún formáid aonfhoirmeach don tuarascáil sin **a bhunófar le gníomh cur chun feidhme** agus cuirfidh sé ar fáil ar líne í. **Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).**

5. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint maidir leis an measúnú ex-post sin ar rialú teorann a athbhunú ag teorainn inmheánach amháin nó níos mó ná sin nó ar chodanna díobh.

6. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le feidhmiú an limistéir gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha darb ainm 'tuarascáil maidir le Staid Schengen' a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar a laghad uair sa bhliain. Áireofar sa tuarascáil liosta de na cinntí go léir a rinneadh chun rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú le linn na bliana ábhartha. Áireofar ann freisin measúnú ar an ngá atá le rialuithe teorann a athbhunú agus **síneadh a chur leo** sa tréimhse arna cumhdach sa tuarascáil sin **agus ar chomhréireach**t **an athbhunaithe agus an tsínidh sin,** **chomh maith le** faisnéis faoi na treochtaí laistigh den [...] limistéar **gan rialú teorainneacha inmheánacha** maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír, agus aird á tabhairt ar fhaisnéis atá ar fáil ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais **agus** anailís sonraí ó chórais faisnéise ábhartha. [...]'

(16) In Airteagal 39(1), cuirtear isteach an pointe (h) seo a leanas:

'h) [...] na [...] limistéir riaracháin áitiúla a mheastar a bheith ina [...] réigiúin trasteorann agus aon athrú ábhartha orthu.'

(17) Cuirtear isteach an tAirteagal 42b seo a leanas:

'*Airteagal 42b*
*Fógra a thabhairt faoi réigiúin trasteorann*

Faoi **shé** [...] mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, cinnfidh na Ballstáit **a bhfuil comhtheorainneacha acu**, **i ndlúthchomhar** [...] na limistéir dá gcríoch a mheastar a bheith ina [...] réigiúin trasteorann, **agus na ceangail láidre shóisialta agus eacnamaíocha atá eatarthu á gcur san áireamh,** **agus cuirfidh siad na Coimisiún ar an eolas faoi sin.**

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas freisin maidir le haon athrú ábhartha orthu.'

[...]

'[...]'

([...]**18**) Cuirtear isteach Iarscríbhinn XII nua:

'IARSCRÍBHINN XII

CUID A

*Nós imeachta maidir le* ***náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach agus [...]***

*a ghabhtar* ***i limistéir*** *teorann [...] a aistriú*

1. Cinntí [...] **aistrithe de bhun Airteagal 23a(2)**, eiseofar iad [...] trí bhíthin foirm chaighdeánach, mar a leagtar amach i gCuid B, arna líonadh isteach ag an údarás inniúil náisiúnta. Beidh feidhm acu láithreach.

2. Tabharfar an fhoirm chaighdeánach agus í líonta isteach don náisiúnach tríú tír lena mbaineann, agus aithneoidh sé go bhfuair sé an cinneadh **aistrithe** tríd an bhfoirm a shíniú agus tabharfar cóip den fhoirm shínithe dó.

   I gcás ina ndiúltaíonn an náisiúnach tríú tír an fhoirm chaighdeánach a shíniú, luafaidh an t-údarás inniúil an diúltú sin ar an bhfoirm faoin roinn dar teideal 'nótaí'.

3. Coinneoidh na húdaráis náisiúnta a eisíonn cinneadh [...] **aistrithe** taifead ar na sonraí seo a leanas:

   a) céannacht agus náisiúntacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, sa mhéid gur féidir leis na húdaráis iad sin a shuíomh,

   b) tagairtí an doiciméid céannachta, más ann dóibh,

   (c) i gcás ina bhfuil fáil orthu, cóipeanna d'aon doiciméad nó sonraí a bhaineann le céannacht nó le náisiúntacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, in éineacht leis na bunachair sonraí náisiúnta ábhartha agus bunachair sonraí ábhartha an Aontais.

   (d) forais an **aistrithe** [...],

   (e) dáta an **aistrithe** [...],

   (f) an Ballstát **glactha** [...].

4. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta a eisíonn an cinneadh **aistrithe** [...] a**n Coimisiún ar an eolas gach bliain faoi líon na ndaoine a aistríodh go Ballstáit eile, agus sonróidh siad cén Ballstát nó cé na Ballstáit ar aistríodh na daoine sin chucu agus, má tá fáil uirthi, náisiúnacht na náisiúnach tríú tír a gabhadh.**

[...]

5. Beidh an ceart chun achomhairc ag [...] **náisiúnaigh tríú tír** [...] **atá faoi réir cinneadh aistrithe**. Déanfar na hachomhairc i **gcoinne an chinneadh aistrithe** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, tabharfar léiriú i scríbhinn don náisiúnach tríú tír faoi na pointí teagmhála ar féidir leo faisnéis a sholáthar maidir le hionadaithe atá inniúil ar ghníomhú ar son náisiúnach tríú tír i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus tabharfar an léiriú sin dó i dteanga a thuigeann sé nó i dteanga a síltear le réasún go dtuigfidh sé. Má dhéantar achomharc, ní bheidh éifeacht fionraíochta aige sin.

6. Na húdaráis a dtugtar an chumhacht dóibh faoin dlí náisiúnta, áiritheoidh siad go ndéanfar an náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh [...] **aistrithe** a aistriú, i gcomhréir **leis an gcreat comhair dhéthaobhaigh dá dtagraítear i mír 1(a) d'Airteagal 23a**, chuig údaráis inniúla an Bhallstáit **ghlactha** [...] láithreach agus laistigh de 24 uair an chloig ar a dhéanaí. Na húdaráis a dtugtar an chumhacht dóibh faoin dlí náisiúnta sa Bhallstát **ghlactha** [...], oibreoidh siad i gcomhar le húdaráis an Bhallstáit **aistrithe** chuige sin.

7. I gcás ina dtugann iompróir chuig an teorainn náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh **an t-údarás** [...] atá freagrach an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) ordú a thabhairt don iompróir**, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta,** an náisiúnach tríú tír a ghabháil faoina chúram agus é nó í a iompar gan mhoill chuig an mBallstát **glactha** [...];

   (b) ar feitheamh iompar ar aghaidh, na bearta iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus ag féachaint do na cúinsí áitiúla, chun cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír [...] **atá faoi réir cinneadh aistrithe** [...] **éalú**.

CUID B

Foirm chaighdeánach maidir le **náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach** agus [...] a ghabhtar **i limistéir teorann** [...] a aistriú

Ainm an Stáit

Lógó an Stáit (Ainm na hOifige)

________________________________________

________________________________________________________________________________(1)

AN NÓS IMEACHTA UM AISTRIÚ AG AN TEORAINN INMHEÁNACH

An ________________________ ag (am) __________ ag an suíomh (sonraigh an cineál teorann inmheánaí atá in aice láimhe nó faisnéis ábhartha eile maidir leis an ngabháil **i gcomhréir le hAirteagal 23a** [...])________________________________________

Dearbhaímid, a bhfuil ár n-ainmneacha sínithe anseo thíos, ________________________________________________________________________________ go bhfuil os ár gcomhair amach:

Sonraí pearsanta (ach iad a bheith ar fáil)

Sloinne______________________________________________________ Céadainm ________________________________________

Dáta Breithe_________________________________ Áit bhreithe ___________________________________________ Gnéas _________

Náisiúntacht _______________________________________ Cónaitheoir i ____________________________________________________

An cineál doiciméid aitheantais _______________________________________________ uimhir__________________________________

Eisithe i(n) ____________________________________________ an ________________________________________________________

Uimhir víosa, más ann di _______________________ cineál ________________ arna heisiúint ag _______________________________________________

Bailí ó _______________________ go dtí _______________________

Ar feadh tréimhse ________ lá: ______________________________________________________________

Ag teacht ó __________________ ar/i _________________ (sonraigh an modh iompair a úsáideadh, e.g. uimhir eitilte), cuirtear in iúl dó/di leis seo [...] go n-aistreofar é/í chuig ______________________ **de bhun Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen** [...]:

**[...] Na forais [...] lena sonraítear nach bhfuil de cheart ag duine fanacht sa Bhallstát :**

[...]

[...]

Nótaí

□ Dhiúltaigh an duine lena mbaineann an fhoirm a shíniú.

An Duine lena mBaineann [...] **Na hÚdaráis** atá freagrach [...]

Féadfaidh an duine lena mbaineann achomharc a thabhairt in aghaidh an **aistrithe** [...] **i gcomhréir leis** an dlí náisiúnta. Gheobhaidh an duine lena mbaineann cóip den doiciméad seo (*ní mór do gach Stát na tagairtí don dlí náisiúnta agus don nós imeachta a bhaineann leis an gceart achomhairc a shonrú).*

*Airteagal 2*

*Leasú ar Threoir 2008/115/CE*

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE:

‘3. Féadfaidh na Ballstáit staonadh ó chinneadh um fhilleadh a eisiúint chuig náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch má ghlacann Ballstát eile an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar ais i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 23a de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* nó faoi chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha.

An Ballstát a bhfuil an náisiúnach tríú tír lena mbaineann glactha ar ais aige i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, glacfaidh sé cinneadh um fhilleadh i gcomhréir le mír 1. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag an maolú a leagtar síos sa chéad fhomhír, **ach amháin i gcás an mhaolaithe a leagtar amach in Airteagal 6(2).**

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon chomhaontú déthaobhach nó aon socrú déthaobhach atá ann cheana, bíodh siad leasaithe nó nua.’

* Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 077, 23.3.2016, lch. 1).

*Airteagal 3*

*Leasú ar Threoir 2008/115/CE a thrasuí*

[...] Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 2 a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú [...] laistigh de **12** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm laistigh de [...] **12** mhí ón teacht i bhfeidhm.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu d’Airteagal 2 den Rialachán seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach leis an tagairt sin a dhéanamh.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe 6, áfach, ón [dáta a mbeidh feidhm ag na leasuithe dá bhforáiltear in Airteagal 2 sna Ballstáit].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.